An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2008

www.rpii.ie

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is onóir dom an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInsitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

"Le linn na tréimhse trí bliana 2008 go 2010 méadóidh an RPII feasacht ar na bearta agus cur i bhfeidhm na mbeart sin atá ag teastáil chun daoine in Éirinn a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaithe (agus neamh-ianaithe) trí rialú, monatóireacht agus comhairle eolaíochtbhunaithe."

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.
Guthán: 01-2697766. Facs: 01-2697437. www.rpii.ie

Clár na n-Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII	8
Rialáil agus Ceadúnú	9
Muintir na hÉireann faoi lé Radaíochta	13
Radón	16
Seirbhísí Tomhaiste Radóin	19
Ullmhacht i gComhair Éigeandála	21
Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	24
Sábháilteacht Saoráidí Núicléacha thar Lear	25
Seirbhísí Tacaíochta Corparáidí	27
Ár Rialachas	31
Baill an Bhoird	32
Struchtúr na Foirne	34
Foireann an RPII le linn 2008	35
Coistí Comhairleacha	35
Ráitis Airgeadais	37

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na hInstitiúide um Chosaint Raideolaíoch do 2008 a chur i láthair. Le linn na bliana, rinneadh dul chun cinn mar thoradh ar thionscnaimh nua chun dul i ngleic le saincheisteanna lárnacha na cosanta raideolaí ach tá obair níos mó ag teastáil le cinntiú nach gcaillfear an fuinneamh seo, go háirithe i gcomhthéacs an bhrú bhreisithe atá ar acmhainní.

Is iad an dá thosaíocht lárnacha atá ag an RPII don tréimhse 2008-2010 ná forbairt polasaí náisiúnta maidir le diúscairt dramhaíola raideolaí agus forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis náisiúnta chun dul i ngleic le hardleibhéil radóin i dtithe. Tá an RPII lán-tiomanta de páirt a ghlacadh i mbaint amach na spriocanna seo ach aithníonn sí go bhfuil cuidiú tábhachtach le déanamh ag páirtithe leasmhara eile i réiteach an dá shaincheist seo.

Faoi láthair in Éirinn, tá foinsí radaighníomhacha neamh-inmhianaithe faoi cheadúnas i 80 láthair éagsúil timpeall na tíre. Is í an chomhairle atá á tabhairt don Rialtas ag an RPII le blianta fada nach bhfuil na socruithe seo de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta a fhógraíonn an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus gur ábhair imní shuntasacha iad ó thaobh sábháilteachta agus slándála de. Rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) roinnt dul chun cinn maidir leis an tsaincheist seo le linn 2008 le bunú Grúpa Ardleibhéil idir-rannach, ar a bhfuil an tAire Stáit, Michael Kitt Uas., TD, ina chathaoirleach chun saincheist na saoráide lárnaí d'Éirinn le haghaidh stórála dramhaíola raideolaí. Ba í seo an chéad uair a tháinig na ranna agus na gníomhaireachtaí rialtais ábhartha go léir le chéile, lena n-áirítear iad siúd atá i seilbh foinsí radaighníomhacha, chun an tsaincheist a phlé. Tá an Grúpa Ardleibhéil chun tuarascáil eatramhach a thabhairt don Rialtas níos déanaí i mbliana ina leagfar amach dul chun cinn agus ina mionsonrófar roghanna le meas. Tá súil agam go mbeifear in ann an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a chomhdhlúthú agus go socrófar réiteach ar an tsaincheist seo atá ann le fada.

Tá an RPII ag moladh le roinnt blianta go ndéanfar straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar an neamhchosaint ar radón atá i roinnt tithe. Aithnítear líon de thithe gach bliain ina bhfuil leibhéil radóin an-ard agus in 2008 bhí an scéal céanna ann nuair a aimsíodh go raibh leibhéil tiúchan radóin idir 5500 agus 9000 Bq/m^3 i dtrí theach i gCiarraí, Tiobraid Árann agus Port Láirge. Chun na leibhéil radóin seo a chur i gcomhthéacs, is ionann iad agus neamhchosaintí mhuintir na dteaghlach ar radaíocht ag leibhéal atá idir 26 agus 50 oiread níos airde ná an Leibhéal Tagartha ag a moltar d'áitritheoirí a n-áitribh a leasú. Fiú nuair a aimsítear na leibhéil thar a bheith ard seo, is féidir le húinéirí tithe an baol ailse scamhóg a tholgadh ó neamhchosaint ar radón a mhaolú trí oibreacha leasúcháin simplí a dhéanamh. Níl tomhais ar radón déanta ag formhór d'úinéirí tithe agus mar sin níl siad ar an eolas faoin mbaol atá ann dóibh. Níl ach 35,000 toradh i mbunachar monatóireachta radóin an RPII a chiallaíonn nach ndearnadh ach codán beag den líon iomlán de 1, 750,000 teach a thomhas i gcomhair radóin.

D'éirigh leis an RPII i roinnt tionscnamh dá-thaobhach maidir le radón le linn na bliana leis an RCORA, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus údaráis áitiúla aonair. Tá tuilleadh oibre ag teastáil áfach le cinntiú go ndéantar tionscnaimh a n-éiríonn leo go háitiúil a chur i bhfeidhm ar fud na tíre, go háirithe i Limistéir Ard-Radóin.

Is gné lárnach é i gcur chun cinn an dea-chleachtais radaíochta ná fáil ar eolas agus ar threoir inrochtana agus intuigthe ionas gur féidir daoine a chosaint go sásúil. Baineann sé seo mar an gcéanna le baill an phobail a bhfuil neamhchosaint ar radón ina dtithe i gceist leo agus le daoine a mbaineann úsáid as foinsí radaíochta ianaithe ina gcuid ionaid oibre. Le linn 2008, rinne an RPII a suíomh idirlín a athfhorbairt sa chaoi is go bhfuil sé níos cairdiúla don úsáideoir agus ag an am go bhfuil an t-eolas á chur ar fáil air cothrom le dáta. Seoladh an suíomh Gréasáin nua i mBealtaine 2009.

Don todhchaí, chomh maith leis na dúshláin chosanta radaíochta a bhaineann le bainistíocht foinsí radaíochta neamh-inmhianaithe, ba mhaith liom aird a dhíriú ar an imní atá ag méadú go hidirnáisiúnta mar gheall ar an mór-mhéadú i neamhchosaint an phobail chomhchoitinn mar thoradh ar neamhchosaintí leighis chun críocha diagnóiseacha. Meastar i dtorthaí an tsuirbhé *Radiation Doses Received by the Irish Population* a d'fhoilsigh an RPII le linn 2008 go bhfuil dáileog iomlán per caput de 540 μSv

ó ghnáthaimh diagnóiseacha a bhaineann úsáid as x-ghathanna agus míochaine núicléach, ar ionann sin agus 13.7% den mheándáileog radaíochta a fhaigheann duine a bhfuil cónaí air in Éirinn. Cé go bhfuil fóint ag baint le húsáid na radaíochta ianaithe do dhiagnóisiú agus cóireáil othar, tá sé tábhachtach go ndéantar gach neamhchosaint a uasmhéadú agus go seachnaítear neamhchosaint gan ghá. Le linn 2008, chuir an RPII le cur i bhfeidhm cosanta radaíochta othar-dhírithe atá faoi cheannas an FSS agus leanann sí de bheith ag obair le páirtithe sa réimse seo le cinntiú go bhfuil an cleachtas cosanta in Éirinn ar radaíocht d'ardchaighdeán i gcónaí.

In aitheantas ar shárobair fhoireann an RPII, cuirim fáilte roimh an gceadú in 2008 don mhéadú de sheisear ball, ó 46 go 52, ar líon bhaill foirne an RPII. Bhí an RPII in ann, mar thoradh ar an méadú, seo reachtaíocht nua maidir le foinsí radaighníomhacha ardghníomhaíochta séalaithe a chur i bhfeidhm agus an éagothroime idir an fhoireann eolaíochta agus an fhoireann riaracháin a bhí ann le fada agus a bhí ag cur isteach ar éifeachtacht oibríochtaí an RPII a réiteach. Tá laghdú ar líon na mball foirne ann cheana féin, áfach, mar gheall ar an lánchosc ar earcaíocht agus ar ardú céime a d'fhógair an tAire Airgeadais go luath in 2009.

Thar mo cheannsa féin, agus thar cheann bhaill an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann an RPII go léir as a gcuid tiomantais agus oibre crua le linn na bliana. Ba mhaith liom mo chuid buíochais leis an Dr Patrick Connellan a chur in iúl, agus buíochas an RPII leis, a ndeachaigh ar scor ón mBord i mí Iúil i ndiaidh seirbhíse flaithiúlaí a thabhairt don RPII ó bunaíodh í i 1992. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar an méid a rinneadh an Dr. Michael Hurley freisin a ndeachaigh ar scor ón mBord i mí Bealtaine agus fáilte a chur roimh cheapadh triúr ball nua, Nuala Ahern Uas., an Dr Maurice Fitzgerald mar ainmní na Comhairle Fiaclóireachta agus an Dr Éamann Breatnach mar ainmní Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le baill na trí Choiste RPII ar Radaíocht Chomhshaoil, Radaíocht Leighis agus Cumarsáid as a gcuid ama agus saineolais a tabhairt chun cuidiú leis an RPII.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas an RPII as an tacaíocht a fuarthas ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley Uas., TD a chur in iúl. Tá an RPII faoi chomaoin ar leith don iar-Aire Stáit le freagracht san RPII, Michael Kitt Uas., TD,. as obair an RPII a spreagadh go gníomhach. Aithním freisin an méid a rinne oifigigh na Rannóige um Polasaí Radaíocht Chomhshaoil den RCORA agus oifigigh eile sa Roinn as a lán-chomhoibriú i gcónaí. Aithnítear le buíochas freisin rannpháirtíocht dhearfach agus comhoibriú cabhrach na ranna rialtais eile, institiúidí oideachais tríú-leibhéal, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha eile lenar oibrigh an RPII i rith 2008.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Cuireadh tús in 2008 le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach an RPII don tréimhse 2008-2010 agus rinneadh dul chun cinn i dtreo ár sprioc a bhaint amach i leith leor-chosaint a chinntiú do mhuintir na hÉireann ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaithe.

Rialáil agus Ceadúnú

D'eisigh an RPII níos mó ceadúnas arís le linn na bliana le líon iomlán de 1704 faoi dheireadh 2008. Tháinig 29 ceadúnas fiaclóireachta nua le linn 2008 as tionscadal a tosaíodh in 2007 chun cleachtais fiaclóireachta a d'fhéadfadh a bheith gan cheadúnas a aimsiú agus tá an RPII sásta anois go bhfuil dea-chomhlíonadh san earnáil seo leis an gceanglas chun ceadúnais. Chomh maith le ceadúnais fiaclóireachta, eisíodh ceadúnais nua chuig úsáideoirí tionsclaíocha, ospidéil agus tréidlianna.

Tugadh faoi 152 cigireacht san iomlán a bhí dírithe ar chleachtas cosanta radaíochta agus chonaic na cigirí go raibh dea-chaighdeán de chosaint ar radaíocht sna hearnálacha go léir. Tugadh faoi chomh-thionscadal leis an nGarda Síochána lenar bhain 31 suirbhé slándála ar cheadúnaithe a raibh foinsí radaighníomhaíochta ardghníomhaíochta ina seilbh. Cé go raibh na torthaí ina n-ábhar suaimhnis go ginearálta/cé go raibh dea-thorthaí air go ginearálta, rinneadh roinnt moltaí maidir le rialuithe fisiceacha agus riaracháin, a ndéanfaidh cigirí an RPII agus/nó an Gharda Síochána seiceáil leantach orthu de réir mar is cuí.

Cuireadh an ceanglas chun Comhairleoir Cosanta Radaíochta i gcleachtais foclóireachta nua a tugadh isteach ó Dheireadh Fómhair 2007 i mbaint leis na ceadúnaithe a bhí ann cheana féin mar chuid den chlár athnuachana ceadúnas foclóireachta ag deireadh Mheán Fómhair. D'éirigh go maith le cur i bhfeidhm na gceanglas seo agus déanfar a dtionchar a mheas sna blianta atá romhainn. Tugadh na socruithe chun críche a bhaineann le prótacal agus critéir a bhunú i leith Comhairleoirí Cosanta Radaíochta do cheadúnaithe a fhormheas sna hearnálacha tionscail agus oideachais agus forbrófar clár le linn 2009.

Thug saineolaithe seachtracha faoi athbhreithnithe piaraí ar rialáil an RPII de mhonarchana steiriliúcháin thionsclaíoch agus de sholáthraithe seirbhísí radaiteiripe, dhá cheann de na hearnálacha is guaisí a cheadúnaíonn an RPII, le cinntiú go bhfeidhmíonn agus go bhforfheidhmíonn an RPII an dea-chleachtas ó thaobh rialála sna réimsí seo. Ba é cinneadh an dá athbhreithniú sin go raibh córas rialála agus cigireachta an RPII cuí don earnáil agus rinne an dá cheann roinnt moltaí maidir le conas is féidir cláir rialála an RPII a neartú níos mó.

Le linn na bliana, tugadh fógra don RPII maidir le 15 dáileog radaíochta a bhí os cionn na leibhéil tuairiscithe. Tar éis imscrúdaithe ag cigirí an RPII níor rangaíodh ach trí chás mar dháileog a fuair caiteoir go iarbhír, arbh í an ceann b'airde ná dáileog choirp iomláin de 4.2 mSv a fuair dáileoir de ghineadóirí iseatóip 99m-theicnéitiam d'ospidéil. Tá an dáileog seo níos lú ná an teorann bhliantúil ábhartha de 20 mSv, ach tá sé níos airde ná is gá agus fuarthas é de bharr nár chloígh an dáileoir leis na nósanna imeachta láimhseála d'iompar na ngineadóirí.

Tionscnaíodh dhá ionchúiseamh i seilbh feistí núicléacha gan cheadúnas comhair na gCúirteanna Dúiche le linn na bliana. Ciontaíodh cuideachta i gcás amháin agus chuir an breitheamh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm sa chás eile.

Rinne an RPII imscrúdú ar roinnt teagmhas lenar bhain foinsí radaighníomhacha ceadúnaithe le linn na bliana lena n-áirítear foinse a cailleadh faoi bhealach, neamhchosaint neamhaireach ag córas x-ghathaithe tionsclaíoch agus miondoirteadh lenar bhain foinse neamhshéalaithe. Rinne an RPII imscrúdú ar roinnt teagmhas lenar bhain drámh-tháirgí agus miotail freisin. Léirigh na teagmhais an tábhacht a bhaineann le húsáid na gcóras monatóireachta tairsí chun gáinneáil neamhaireach nó aindleathach d'ábhar raideolaíoch a bhrath.

Is é ceann de lár-spriocanna straitéiseacha an RPII ná caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara ábhartha chun caighdeáin chosanta radaíochta níos airde a chur chun cinn. Maidir lena gníomhaíochtaí rialála, chuir an RPII le cur i bhfeidhm de reachtaíocht cosanta radaíochta othar-dhírithe agus le cleachtadh oibriúcháin níos fearr i gcomhpháirt leis na comhlachtaí ábhartha.

Neamhchosaint Phobal na hÉireann ar Radaíocht

Chun neamhchosaint iarbhír mhuintir na hÉireann a aimsiú, tugann an RPII faoi chlár de ghníomhaíochtaí monatóireachta gach bliain a ndéanann na dáileoga a fhaigheann muintir an phobail agus iad siúd a bhfuil neamhchosaint acu ar radaíocht tríd a gcuid oibre a mheas. Forlíontar an clár seo le tionscadail ar leith a sholáthraíonn eolas breise ar bhealaigh roghnaithe.

Léirigh an clár monatóireachta muirí a tugadh faoi in 2008 go raibh ithe an bhia mara fós an príomhbhealach ina gcuirtear leis an neamhchosaint phoiblí ag teacht as scaoileadh radaighníomhaíochta ó Sellafield. Fuarthas gur 0.09 µSv an mheán-dáileog bhliantúil thiomanta éifeachtach don chaiteoir tipiciúil ó Mhuir Éireann agus bhí sé i gcomhréir leis na luachanna a measadh le blianta beaga anuas. Ó thús a cláir monatóireachta muirí go luath sna 1980í, dhíorthaigh an RPII a mheastacháin ar dháileog don phobal trí shonraí tiúchana tomhaiste a díorthaíodh ó shamplaí iarbhír a chur le sonraí tomhaltais mheasta. In 2008, rinne an RPII conradh leis an Centre for Environmental, Fisheries and Aquaculture Research (CEFAS) an Ríochta Aontaithe chun tabhairt faoi shuirbhé ar nósanna muirí. Ba í aidhm an tsuirbhé seo ná na bealaigh is tábhachtaí ina mbíonn daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoi neamhchosaint ar radaíocht ianaithe mar thoradh ar scaoileadh isteach i Muir Éireann ó Sellafield. Cé go bhfuil moltaí feabhsúcháin sa tuarascáil, tugann sé athdheimhniú ginearálta gur clár cuimsitheach é an clár monatóireachta muirí atá ann cheana féin ag an RPII agus go bhfolaíonn sé na príomhbhealaí neamhchosanta agus go dtugann sé meastachán réadúil ar neamhchosaint phobal na hÉireann.

Rinneadh na dáileoga radaíochta don phobal ó fhoinsí saorga nach mbaineann le Sellafield a mheas le linn na bliana freisin. Léirigh monatóireacht ar radaighníomhaíocht i mbainne, uisce óil agus raon de bhia-ábhair go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta fós an-íseal agus nach priacal sláinte iad.

Cuireadh tús le dhá thionscadal in 2008 chun leibhéil na radaighníomhaíochta nádúrtha agus saorga i screamhuisce a aimsiú agus chun an méid a chuireann an gás radaighníomhach atá ann go nádúrtha, tórón, le dáileog an phobail.

Maidir le neamhchosaint ag an obair, léirigh eolas a fuarthas ó sheacht n-aeroibreoir ceadúnaithe a bhfuil faoi cheanglas reachtaíochta chun neamhchosaint aerchriú ar radaíocht chosmach a rialú gur measadh go bhfuair 9726 ball aonair aerchriú dáileoga radaíochta bliantúla thar 1 mSv. Tá líon na mball aerchriú sa chatagóir seo ag dul i méid gach bliain de bharr méadaithe fhoriomláin ar líon na mball aerchriú ag freastal ar an éileamh breise ar aerthaisteal. Dóibh siúd ag baint úsáide as foinsí radaighníomhacha ina n-ionaid oibre bhí na dáileoga go léir faoi na teorainneacha dáileog bliantúla a leagadh amach sa reachtaíocht.

Radón

Is é lár-sprioc straitéiseach an RPII don tréimhse trí bhliain ag tosú in 2008 ná forbairt agus cur i bhfeidhm de straitéis náisiúnta a chinntiú chun plé leis na hardleibhéil radóin i dtithe. Le linn 2008, d'oibrigh an RPII leis na húdaráis phoiblí ábhartha go léir chun an sprioc seo a chur ar aghaidh. Go háirithe, faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana a síníodh an bhliain roimhe, bunaíodh grúpa oibre radóin leis an bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun comhoibriú a chinntiú i dtaobh gnéithe sláinte poiblí a bhaineann le radón. D'oibrigh an RPII leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta freisin le cuidiú lena chuid iarrachtaí chun radón a chur san áireamh ina chigireachtaí ar ionaid oibre.

Bhí na rí-ardleibhéil radóin a aimsíodh in ionad oibre i Mala i mBealtaine 2007 ina spreagadh do chomhoibriú a raibh an-rath air idir RPII, Comhairle Chontae Corcaí agus an FSS chun clár tomhaiste leantach a fhorbairt. Bhí an clár, a chlúdaigh 599 teach sóisialta i dTuaisceart Chorcaí, comhdhéanta de thomhais radóin agus feachtas cumarsáide saincheaptha chun na ceisteanna sláinte i gceist a mhíniú do na tionóntaí. Creideann an RPII gur samhail é an cur chuige ilghníomhaireachta a úsáideadh i dtuaisceart Chorcaí a n-éireodh léi dá gcuirfí i bhfeidhm i gcontaetha eile í agus bhí sí ina lárthéama don Fhóram Náisiúnta ar Radón a tionóladh i mí na Samhna 2008.

D'aithin an RPII ina Plean Gníomhach Radóin go raibh tomhas an radóin tráth díol agus/nó ceannach áitribh ina mheicníocht chuí agus chostéifeachtach chun an riosca foriomlán ó radón a laghdú. Ós rud é gur trí mhí atá san íostréimhse tomhais reatha a mholann an RPII, cuireadh tús le staidéar taighde chun fháil amach ar féidir an tréimhse tomhais seo a ghiorrú gan beachtas an toraidh a chur i gcontúirt. Léirigh athbhreithniú ar an eolas ar fáil ar an gcaidreamh idir tiúchan radóin i dtithe agus athfheistiú insliúcháin go raibh easpa sonraí ábhartha agus gá le breis taighde. Tugadh faoin obair seo chun comhairle a thabhairt don Rialtas i gcomhthéacs an Scéim um Fhuinneamh Tí a Shábháil.

Faoi dheireadh 2008, tá radón tomhaiste ag an RPII i 35,660 teach in Éirinn, ach níl ach 4643 de na 91,000 teach atá os cionn an Leibhéil Tagartha náisiúnta aimsithe. De na tithe ina bhfuil ardleibhéil radóin, tá na céatadáin is airde fós i nGaillimh, Shligeach agus Port Láirge, agus is iad Cill Mhantáin, Maigh Eo agus Ceatharlach na contaetha ina bhfuil na céatadáin is airde ina dhiaidh sin. Bhí tiúchain radóin thar 800 Bq/m^3 i gceithre chéad is caoga teach.

Seirbhísí Tomhaiste Radóin

San iomlán, rinne an RPII cion radaighníomhaíochta a thomhas i 2047 sampla comhshaoil agus bia-ábhair i rith na bliana. Eisíodh 3301 deimhniú ag sonrú cion radaighníomhaíochta d'easpórtálaithe táirgí Éireannacha, 4% níos lú ná an bhliain roimhe sin. Sholáthraigh Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII thart ar 92,000 dáileogmhéadar do chliaint i rith na bliana. Baineadh úsáid as na dáileogmhéadair seo chun monatóireacht a dhéanamh ar neamhchosaint ar radaíocht 9000 duine aonair. Rinne an tSeirbhís Calabrúcháin 390 gléas a thástáil maidir le comhlíonadh sonrúcháin na monaróirí. Cuireadh tomhais radóin i gcrích i 1993 teach agus 201 ionad oibre, a raibh 23 acu siúd ina scoileanna.

Ullmhacht d'Éigeandáil

Rinneadh fophlean scríofa an RPII faoin bPlean Éigeandála Náisiúnta do Thaismí Núicléacha (PENTN) a nuashonrú de réir aiseolais a fuarthas le linn an athbhreithnithe ar an bhfophlean a rinneadh in 2007. Cuireadh comhoibriú le Met Éireann faoin PENTN ar bhonn foirmiúil trí Mheabhrán Tuisceana idir an dá eagraíocht a shíniú. Sa bhreis air sin, d'oibrigh an RPII chun a socruithe maidir le freagairt do theagmhais áitiúla lena mbaineann foinsí de radaíocht ianaithe a chur ar bhonn foirmiúil.

In 2008, chuir an RPII le hullmhú den Dréacht-Phrótacal le haghaidh Freagairt Ilghníomhaireachta d'Éigeandálaí Raideolaíochta/Núichléacha a forbraíodh faoin gCreat le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú. Rinneadh comhchleachtadh ar shampláil comhshaoil agus anailís saotharlainne de shamplaí faoi choinníollacha oibrithe éigeandála leis an gCosaint Shibhialta agus eagraíodh cleachtadh leantach chun athnuachan agus neartú a dhéanamh ar an eolas a gnóthaíodh le linn cleachtadh 2007 an PENTN a raibh dírithe ar na gníomhartha cosanta a bheadh le cur i bhfeidhm sna hearnálacha talmhaíochta agus bia i ndiaidh taisme núicléiche thar lear. Bhí an RPII páirteach freisin i gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA) bunaithe ar thaisme ag stáisiún núicléach i Meicsiceo. Cé nach raibh tionchar díreach ar Éirinn ag an gcás a samhaltaíodh, ba dheis é chun cumas na hÉireann comhairle a chur ar fáil do Náisiúnaigh na hÉireann thar lear a chleachtadh agus chun saincheisteanna a bhaineann le bia a iompórtáil ó limistéir a d'fhéadfadh a bheith truaillithe go hÉirinn a bhreithniú.

Le linn an bliana, fuair an RPII dhá fholáireamh trí chóras an AE do mhearfhógairt na n-éigeandálaí raideolaíochta a bhfuil iarmhairtí féideartha trasteorann ag baint leo. Fuarthas an chéad cheann i ndiaidh teagmhais ag stáisiún núicléach Krško sa tSlóivéin ar aithníodh go tapa mar mhionteagmhas nár bhain aon truailliú comhshaoil leis. Fuarthas an dara ceann i ndiaidh iaidín-131 a scaoileadh ó shaoráid táirgthe sa Bheilg nach raibh riosca suntasach lasmuigh den láthair ag baint leis cé go raibh sé tromchúiseach.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus Sábháilteacht Saoráidí Núicléacha thar Lear

Le linn 2008, bhí foireann RPII ina n-ionadaithe d'Éirinn ar níos mó ná 20 coiste eolaíochta agus teicniúla agus grúpaí oibre idirnáisiúnta ag a raibh sainchúraim a chlúdaigh cosaint ar radaíocht, sábháilteacht núicléach agus ullmhacht d'éigeandálaí. Bhí baill foirne páirteach freisin i sainmhisin GIFA chuig an Bhotsuáin, Gána, an Spáinn agus an Tansáin.

Lean an RPII ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí maidir le sábháilteacht núicléach sa Ríocht Aontaithe agus níos faide ó bhaile agus ag cur comhairle ar an Rialtas ina leith sin.
Lean an RPII ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí maidir le sábháilteacht núicléach sa Ríocht Aontaithe agus níos faide ó bhaile agus ag cur comhairle ar an Rialtas ina leith sin. Ba bheag méid na leachtdramhaíola rí-radaighníomhaí a gineadh in Sellafield, mar a bhí sa dhá bhliain roimhe sin, de bharr fadhbanna leanúnacha le hathphróiseáil, a raibh laghdú ar mhéid na dramhaíola á stóráil sna hUmair Stórála Ábhair Rí-Ghníomhaigh mar thoradh air. Lean USARG ag oibriú ag níos lú ná lántáirgeadh agus de bharr sin, chomh maith le do-úsáidteacht roinnt de na galaitheoirí i Sellafield, bhí moill ar an sceideal a bhí pleanáilte d'athphróiseáil bhreosla caite Magnox. Is ábhar imní é nár baineadh spriocanna pleanáilte agus an mhoill atá ar athphróiseáil bhreosla Magnox mar d'fhéadfadh an breosla atá stóráilte faoi Sellafield cheana féin a bheith so-ghabhálach i leith creimthe thar am. Rinne an RPII monatóireacht freisin ar fhorbairt pleananna sa Ríocht Aontaithe chun stáisiún núicléacha a thógáil. Tá sí ag leanúint go géar na nósanna imeachta réamhcheadúnaithe atá á gcur i bhfeidhm ach go háirithe. Le linn na bliana bhí an RPII curtha ar an eolas maidir le roinnt teagmhas i Sellafield agus ar láithreacha núicléacha eile ag rialtóirí núicléacha na Ríochta Aontaithe, ach ní raibh iarmhairtí lasmuigh den láthair i gceist le haon cheann acu, agus mar sin, ní raibh impleachtaí díreacha d'Éirinn.

Bhí foireann an RPII páirteach go gníomhach, le foireann an RCORA, sa 4ú Cruinniú Athbhreithnithe den Choinbhinsiún maidir le Sábháilteacht Núicléach a bhí ar siúl thar thréimhse dhá sheachtain in Aibreán 2008 ag an GIFA i Vín. Tá sé de cheanglas ar gach páirtí conarthach den Choinbhinsiún tuarascálacha náisiúnta a chur isteach a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu ansin trí phróiseas ceiste agus freagra i scríbhinn roimh an gcruinniú agus ó bhéal ag an gcruinniú féin. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar thuarascáil na hÉireann, aithníodh dea-chleachtais maidir le socruithe do mhalartú eolais le rialtóirí núicléacha comharsanachta agus socruithe pleanála éigeandála. Aithníodh an t-athbhreithniú go raibh caomhnú scileanna agus cinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas go maith faoi nádúr éigeandálaí núicléacha féideartha mar dhúshláin atá os comhair na hÉireann.

Seirbhísí Corparáideacha

Lean rannán Seirbhísí Corparáideacha an RPII ag feabhsú a chumais tacú le gníomhaíochtaí eolaíochta agus teicniúla an RPII trí na feabhsúcháin a rinneadh ar a chumais TFC agus bainistithe taifead i ndiaidh mórthionscadal chun bainistiú airgeadais seirbhísí an RPII a lárnú agus chun córas bainistíocht airgeadais nua a chur i bhfeidhm le haghaidh idirbhearta airgeadais ar fud na heagraíochta a láimhseáil. Bhí ceadú na Ranna Airgeadais d'earcú seisear ball foirne eile agus do phost teicniúil a aistriú go Bainisteoir TF ina fhorbairt shuntasach a raibh fáilte mhór roimpi.

Rinneadh suirbhé ar sheirbhís do chustaiméirí i Feabhra 2008 faoi choimirce Ghrúpa Oibre an RPII ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, ar cuireadh ceistneoirí chuig 4000 custaiméir lena linn agus a bhfuarthas ráta freagartha de 17% uathu. Léirigh an suirbhé "go raibh meas go ginearálta ag custaiméirí an RPII ar sheirbhís agus ar chaighdeán na ndéileálacha le foireann an RPII" agus léirigh sí éileamh atá ag dul i méid ar sheirbhísí ar líne tríd an suíomh idirlín.

Is é ceann de lár-spriocanna straitéiseacha an RPII eolas a chur ar fáil ar chosaint ar radaíocht i bhformáid atá inrochtana agus intuigthe, ionas go mbeidh an t-eolas riachtanach ag an bpobal chun iad féin a chosaint ar éifeachtaí dochracha na neamhchosanta ar radaíocht. Tugadh faoi raon de ghníomhaíochtaí cumarsáide le linn na bliana chun an sprioc seo a bhaint amach, go háirithe mórthionscadal chun suíomh idirlín an RPII a athfhorbairt atá le seoladh in 2009.

Ba mhian liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil le foireann an RPII as a dtiomantas agus as a ngairmiúlacht i gcónaí i gcomhlíonadh sainordú an RPII go héifeachtach le linn na bliana. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóige um Polasaí Radaíocht Chomhshaoil den RCORA agus d'oifigigh eile na Ranna as a dtacaíocht le haghaidh obair an RPII.

An Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII chun cosaint ar radaíocht a neartú in Éirinn thar an tréimse trí bliana, 2008-2010. Leagtar sí seo amach ina hiomlán sa doiciméad *Plean Straitéise an RPII 2008-2010*.

Tá roinnt spriocanna leagtha amach ag an RPII a bhféadtar a cuid ratha don tréimhse 2008-2010 a thomhas dá réir:

- Ní mór eolas ar chosaint ar radaíocht a bheith ar fáil go héasca agus a bheith inrochtana agus intuigthe do lucht léitheoireachta neamh-eolaíochta, sa chaoi is go mbeidh muinín ag an bpobal as a gcumas a bheith cosanta ar na héifeachtaí dochracha a bhaineann léi.
- Ní mór don eolas a chuireann an RPII ar fáil a bheith eolaíochtbhunaithe agus beacht i gcónaí. Féachfaidh sí lena suíomh mar fhoinse eolais iontaofa do luchtanna poiblí agus gairmiúla in Éirinn sa réimse seo a choinneáil.
- Ní mór don infreastruchtúr rialála náisiúnta i leith cleachtais agus gníomhaíochtaí oibre a mbaineann radaíocht ianaithe leo a bheith iomlán agus ní mór dó feidhmiú go héifeachtach. Ní mór na bearnaí a aithníodh san infreastruchtúr, mar polasaí náisiúnta ar diúscairt dramhaíola radaighníomhaí, a réiteach.
- Ní mór straitéis náisiúnta chun tabhairt faoi ardleibhéil radóin i dtithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is gá don straitéis seo díriú, go háirithe, orthu siúd nach raibh páirteach i staidéir roimhe seo agus ar na tithe nua a tógadh le deich mbliana anuas.
- I ndiaidh chinneadh an Rialtais freagracht i radaíocht neamh-ianaithe a thabhairt don RPII (lena n-áirítear dáileadh acmhainní) ní mór na sruthanna oibre nua seo a imeascadh i gceart in obair an RPII.
- Leanfaidh an RPII ag soláthar comhairle ardchaighdeáin eolaíochtbhunaithe ar shaincheisteanna cosanta radaíochta mar ionchur i bpolasaí an Rialtais. Tacóidh sprioc-chlár taighde leis an ról comhairleach seo.

Déanfar tionchar a thomhas tríd na nithe seo a leanas:

- Comhlíonadh úsáideoirí de cheanglais rialachán.
- Comhoibriú éifeachtach leis na comhlachtaí agus na páirtnéirí rialála ábhartha a bhfuil ról acu i gcosaint ar radaíocht.
- Próifíl an RPII le lár-chinnteoirí a fheabhsú.
- Inrochtaineacht don phobal agus don Rialtas ar eolas agus ar shonraí monatóireachta ardchaighdeáin maidir leis na saincheisteanna cosanta radaíochta is ábhair cúraim dóibh.
- Tuiscint níos fearr ag an bpobal ar shaincheisteanna cosanta radaíochta.

Rialáil agus Ceadúnú

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag an radaíocht ianaithe i dtimpeallacht eacnamaíochta agus i dtimpeallacht sóisialta na hÉireann. Go háirithe, tá usáid na radaíochta ianaithe ríthábhachtach inár gcuid ospidéil chun seirbhísí díognóiseacha agus cóireálacha atá ar ardchaighdeán a sholáthar, agus in earnáil na tionsclaíochta chun soláthar éifeachtach tionscadail bhonneagair a chur i bhfeidhm. Caithfear, áfach, foinsí na radaíochta ianaithe a bhainistiú go sábháilte. Tá an RPII freagrach as úsáid na radaíochta ianaithe in Éirinn a rialú trí chóras ceadúnaithe agus inniúchta.

Ceadúnú

Leagtar amach san Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, go bhfuil freagracht reachtúil ar an RPII córas ceadúnaithe a chur i ngníomh d'úsáideoirí foinsí radaíochta ianaithe. Aon duine aonair nó aon eagraíocht ar mian leo foinse radaighníomhach nó gaireas ionradaithe a úsáid, caithfidh siad ceadúnas a fháil ón RPII sula ngnóthaíonn siad an gléas. Eisítear ceadúnais le haghaidh bliain amháin, nó le haghaidh dhá bhliain, trí bliana nó ceithre bliana ag brath ar an mbaol a bhaineann leis an ngléas/gléasanna atá le ceadúnú, agus ag brath freisin ar cén sórt gléas atá i gceist.

Ag deireadh 2008, bhí ceadúnais ag 1704 ceadúnaí trasna réimse earnálacha, lena n-áirítear na hearnálacha leighis, tionsclaíochta, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta (Fíor 1). Eisíodh céad agus a trí déag ceadúnas nua le linn na bliana, agus is do cheadúnaithe san earnáil fiaclóireachta a eisíodh níos mó ná a leath díobh sin. Na hiarratais ar cheadúnais ba shuntasaí a rinneadh san earnáil leighis ná trí iarratas éagsúil ar sheomraí nua do theiripe eisídithe iaidín a thabhairt isteach, chun cóir a chur ar othair a bhfuil ailse thíoróideach orthu ag úsáid iaidín – 131. Fuarthas iarratas freisin ar shaoráid leictreonléis nua a dhéanann táirgí leighis a steiriliú. I rith na bliana, rinneadh 554 leasú ar cheadúnais atá ann cheana féin.

Fíor 1: Líon na gceadúnas leighis, tionsclaíochta, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta a eisíodh ó 1993-2008



Iniúchadh

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí rialála an RPII is ea an clár inniúchta bliantúil. Tugann an clár iniúchta deis don RPII measúnú a dhéanamh ar chultúr na cosanta radaíochta agus ar na caighdeáin atá curtha i bhfeidhm sna láithreacha ina bhfuil foinsí radaíocha ianaithe á gcoimeád agus á n-úsáid. Agus na hinniúchtaí á ndéanamh, spreagann cigirí an RPII ceadúnaithe le breis feabhais a chur ar a gcleachtais cosanta radaíochta chomh maith. Go minic, déantar é sin trí shamplaí dea-chleachtais a bhfacthas i saoráidí comhchosúla eile a roinnt leis na ceadúnaithe. Déantar athbhreithniú foirmiúil ar an gclár inniúchta gach aon bhliain agus ainmnítear réimsí ar leith a d'fhéadfaí breis feabhais a chur orthu sa todhchaí maidir le cosaint radaíochta.

I dtaca lena chlár inniúchta bliantúil a fhorbairt, is cur chuige atá bunaithe ar riosca atá ag an RPII agus tugann sé tús áite do cheadúnaithe atá i mbun gníomhaíochtaí a bhfuil breis riosca ag baint leo, gníomhaíochtaí ar nós radaiteiripe, teiripe neamhscriosach, etc. Cuirtear síos chomh maith sa chlár inniúchta bliantúil ar an tréimhse ama atá caite ó rinneadh inniúchadh ar na ceadúnaithe éagsúla go deireanach, chomh maith le haon eachtraí a tharla. Is de réir raon creidiúnaithe an RPII ISO 17020 a déantar na hinniúchtaí cosanta radaíochta go léir.

Le linn 2008, cuireadh i gcrích 152 inniúchadh a bhí dírithe ar chosaint radaíoch (Tábla 1). Chonacthas do na hinniúchóirí go raibh caighdeáin chosanta radaíocha maithe trasna na hearnálacha go léir. Bhí an clár ag díriú ar réimsí ar leith i rith na bliana agus ba iad sin: cleachtais fiaclóireachta le haonaid tomografaíochta ríomhairithe (CT), aonaid X-ghathanna iniompartha agus an úsáid a mbaintear astu in áiteanna ina mbíonn capaill á ndíol, ceadúnaithe a bhaineann úsáid as tomhsairí dlúis taise núicléacha, an tionscal tástála neamhscriosaigh agus saoráidí steiriliú. Tugadh faoi chomhthionscadal leis An Garda Síochána lena n-áiríodh 31 suirbhé slándála ar cheadúnaithe le Foinsí Ardghníomhaíochta Séalaithe, chun measúnu a dhéanamh ar na socruithe slándála atá ag na ceadúnaithe sin.

Tábla 1: Inniúchaí a rinneadh le linn 2008

Catagóir Ceadúnais	Líon	Inniúchaí a Rinneadh i 2008
Úsáideoirí Tionsclaíocha	320	94
Dáileoirí Tionsclaíocha	25	3
Oideachas & Taighde	21	2
Ranna Rialtais agus Seirbhísí a Reáchtálann an Stát	5	2
Ospidéil/Leigheas	169	29
Dáileoirí Leighis	24	5
Tréidlianna	251	8
Fiaclóirí	889	9
Suirbhéanna Slándála		31
IOMLÁN	**1704**	**183**

Forbairtí i gCleachtas Rialála Ceadúnú Fiaclóireachta

Fiaclóirí a úsáideann trealamh X-gha, mar aon le haon duine eile a bhfuil foinsí radaíochta ianaithe ina seilbh acu, caithfidh siad ceadúnas ón RPII a bheith acu. I 2007, cuireadh tús le hobair chun cleachtais fiaclóireachta a d'fhéadfadh a bheith neamhcheadaithe a aimsiú agus thaispeáin céad-torthaí an tionscadail sin go m'fhéidir go bhfuil suas le 141 cleachtas gan cheadúnas ann ar fud na hÉireann. Leanadh le hobair ar an dtionscadal sin le linn 2008 agus mar thoradh ar an obair, eisíodh 29 ceadúnas nua fiaclóireachta. Ní raibh gá le ceadúnas nua i mórchuid na gcásanna, mar shampla: i gcásanna a raibh fiaclóir tar éis bás a fháil nó tar éis dul ar scoir, nó i gcásanna a raibh fiaclóir ag obair i gcleachtas ceadúnaithe fiaclóireachta a bhí ann cheana féin. Agus an tionscadal sin tugtha chun críche, tá an RPII cinnte go bhfuil ceadúnais ag na cleachtais sin a díríodh orthu agus oibreoidh an RPII chun cinnte a dhéanamh de go gcloífidh cleachtais nua leis na riachtanais ceadúnaithe atá orthu.

I mí Lúnasa, thosaigh an RPII ar athnuachan a dhéanamh ar 898 ceadúnas fiaclóireachta a bhí chun dul as feidhm i mí Meán Fómhair. Dúradh le ceadúnaithe nach ndéanfaí athnuachan ar a gcuid ceadúnas ach amháin sa chás inar ainmníodh Comhairleoir Cosanta Radaíochta (CCR) agus inar iarradh air/uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe cosanta radaíochta a bhaineann le gach cleachtas. Chomh maith leis sin ba ghá tástáil dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar gach aonad X-gha déadach sula ndéanfaí athnuachan ar cheadúnais. Tugadh na riachtanais cheadúnaithe sin isteach do cheadúnaithe nua fiaclóireachta cheana féin ó mí na Samhna 2007. Chuaigh an RPII i gcomhthadhaill go dlúth leis an gComhairle Fiaclóireachta agus le Cumann Fiaclóirí na hÉireann chun iad a choimeád ar an eolas faoi riachtanais nua cheadúnaithe. Tá na riachtanais sin curtha i ngníomh go maith anois agus déanfar tionchur na riachtanais ar chaighdeáin cosanta radaíochta san earnáil a mheas thar na mblianta atá le teacht.

Athbhreithnithe Piaraí

Gach bliain, déanann an RPII acmhainní suntasacha a leithdháileadh ar a chlár ceadúnaithe agus ar a chlár inniúchta, i bhfoirm soláthar foirne agus airgeadais. I 2008, leanadh le clár athbhreithnithe piaraí a dhéanann measúnú ar aidhmeanna agus ar thosaíochtaí na gclár, féachaint an bhfuil siad fós oiriúnach don fheidhm. Rinneadh é sin go háirithe i dtaca leis na gníomhartha a ceadúnaíodh a bhfuil riosca níos airde ag baint leo.

Athbhreithniú Piaraí ar Steiriliú Tionsclaíoch

D'fhonn a chinntiú go ndéanann an RPII dea-chleachtas rialála a chur i ngníomh agus i bhfeidhm i dtaca le monarchana steirilithe tionsclaíche a oibriú, choimisinigh an RPII an Rannóg um Chosaint Radaíochta, ar chuid í de Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte na Ríochta Aontaithe (HPA), chun athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an RPII in earnáil na tionsclaíochta. Ba é an tátal a bhain an sainchomhairleoir as an tuarascáil deiridh ná go gcinntíonn an bonneagar rialála agus ceadúnaithe ard-chaighdeán cosanta radíochta. Tugadh roinnt moltaí lena n-áiríodh: cur i ngníomh iomlán na Treorach um Fhoinsí Ardghníomhaíochta Séalaithe (HASS), agus socruithe a chur i gcrích i gcomhair prótacal agus critéir a úsáidfidh Chomhairleoirí Cosanta Radaíochta (CCR) agus iad ag déanamh inniúchadh ar úsáideoirí tionsclaíocha a bhaineann feidhm as radaíocht ianaithe.

Ahbhreithniú Piaraí ar Radaiteiripe

Chonraigh an RPII an HPA chun athbhreithniú piaraí comhchosúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialála an RPII in earnáil na radaiteiripe i 2008. Rinneadh an t-athbhreithniú piaraí thar tréimhse seachtaine ag deireadh mí Dheireadh Fómhair. Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais cheadúnaithe agus ar nósanna imeachta inmheánaigh an RPII maidir le saoráidí radaiteiripe, chomh maith le breathnú ar inniúchtaí ar shaoráid phoiblí agus ar shaoráid phríobháideacha radaiteiripe. Tuairiscíodh sa tuarascáil deiridh go bhfuil an rialáil agus an t-inniúchadh a déantar ar ghníomhaíochtaí a úsáideann radaíocht ianaithe, oiriúnach do sheirbhísí radaiteiripe. Tugadh roinnt moltaí freisin ar conas a d'fhéadfaí cláir rialála an RPII a láidriú níos mó in earnáil na radaiteiripe.

Slándáil Foinsí Radaighníomhacha

Caithfear forairdeall leanúnach a bheith ann i gcónaí maidir le slándáil foinsí radaighníomhacha ag saoráidí ceadúnaithe. Le linn 2008, lean obair ar aghaidh le hOifig Náisiúnta um Chosc ar Choireacht (NCPU) an Gharda Síochána ar thionscadal ar leith. Is éard is aidhm don tionscadal sin athbhreithniú a dhéanamh ar na socraithe slándála atá i bhfeidhm in áitribh cheadúnaithe a bhfuil foinsí radaighníomhacha acu a thagann faoi raon Threoir um Fhoinsí Ardghníomhaíochta Séalaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis na hearnálacha tionsclaíocha, leighis agus oideachais agus taighde. D'fhonn caighdeáin arda slándála a chinntiú, thug oifigigh ón Oifig Náisiúnta um Chosc ar Choireacht, arna éascu ag inniúchóirí an RPII, faoi shuirbhéanna slándála a dhéanamh. Cé gurb údar misnigh iad na torthaí go ginearálta, rinneadh roinnt moltaí maidir le rialaithe fisiciúla agus riaracháin. Féachfaidh inniúchóirí an RPII chuige agus nuair is cuí, féachfaidh baill an NCPU chuige, go gcuirfear na moltaí sin i ngníomh.

Clár Comhairleora Cosanta Radaíochta d'Earnáil na Tionsclaíochta agus don Earnáil Oideachais

D'fhonn dea-chleachtas sa chosaint radaíochta a fheabhsú agus d'fhonn díriú ar bhearnaí sa bhonneagar rialála, thug an RPII socruithe i gcomhair bunú prótacail agus critéar chun críche. Bainfidh CCR feidhm as an bprótacal agus as an gcritéir úd chun ceadúnaithe in earnáil na tionsclaíochta agus san earnáil oideachais tríú léibhéil a úsáideann foinsí radaíochta ianaithe, a cheadú. Áiríodh leis an scéim fhaofa gníomhaíochtaí oibre a mbaineann feidhm as radaíocht nádurtha. Tá Catagóir II seo de scéim fhaofa na CCR comhchosúil go ginearálta leis an scéim fhaofa atá i bhfeidhm cheana féin i gcomhair Catagóir I CCR (Leigheas agus Fiaclóireacht) agus tá sé bunaithe ar fhaomhadh foirmiúil an RPII i dtaca le croíchumas. Táthar ag súil le Clár CCR Catagóir II (daoine aonair agus corparáideach) a fhorbairt i 2009.

Umair Coinneála Iaidín

Glacadh le Coinbhinsiún Osló-Páras (OSPAR) i 1992. Faoin gcoinbhinsiún sin, caithfidh na páirtithe conarthachta gach aon iarracht is féidir leo a dhéanamh chun cosc a chur ar thruailliú na muirthimpeallachta agus chun deireadh a chur leis. Is sínitheoir í Éire leis an gCoinbhinsiún sin agus sa tuarascáil náisiúnta i 2002 chuig Coiste Substaintí Radaighníomhacha an OSPAR (a dhéileálann le substaintí radaighníomhacha a scaoileadh isteach sa mhuirthimpeallacht) thug Éire gealltanas go ndéanfaí athbhreithniú ar riachtanais cheadúnaithe na tíre maidir le húsáid iaidín-131 in ospidéil na tíre. D'fhéachfadh an t-athbhreithniú go háirithe le humair coinneála a úsáid, a d'éascódh meath an iaidín-131 in eisfhearradh othar, sula scaoilfí an t-eisfhearradh amach i séaracha.

Roimh na bliana 2008, bhí ceadúnais ag trí ospidéal poiblí in Éirinn, á n-údarú chun teiripí eisídithe iaidín a thabhairt d'othair le hailse thíoróideach, d'fhonn cóireáil a chur orthu ag úsáid iaidín-131. Le linn 2008, fuarthas iarratais ó dhá ospidéal (ceann poiblí agus ceann príobháideach), ag lorg teiripe eisídithe iaidín a thabhairt isteach, agus fuarthas iarratas ó ospidéal eile a raibh ceadúnas eisídithe iaidín aige cheana féin, ag lorg seomra eile eisídithe a thógáil. Níl aon riachtanais éigeantacha ann faoi láthair i dtaca le humair coinneála iaidín a chur san áireamh i ndearadh na saoráidí cóireála nua sin; agus cé is moite de shaoráid amháin, scaoiltear eisfhearradh na n-othar, a bhfuil iaidín radaighníomhach ann, díreach isteach i bpríomhshéaraigh na n-ospidéal. Tá ospidéal amháin tar éis umar coinneála a chur isteach, a ligeann don ábhar radaighníomhach atá in eisfhearradh na n-othar meathlú, sula scaoiltear amach sa séarach é.

Le linn na bliana, bhronn an RPII conradh ar chomhairleoirí d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le humair coinneála a athfheistiú ar shaoráidí atá ann cheana féin agus d'fhonn a fháil amach ar cheart na saoráidí a chur faoi shainordú saoráidí nua a fháil. Moladh sa tuarascáil deiridh ó na comhairleoirí, nach mbeadh, ó thaobh na cosanta radaíochta de, aon chothromas idir an buntáiste a bhainfí as athfheistiú umair ar shaoráidí atá ann cheana féin, agus na saincheisteanna airgeadais agus na saincheisteanna loighciúla móra a dtabhfaí dá bharr. Cé go bhfuil na dáileoga a fuair baill den phobal ó scaoileadh iaidín-131 isteach i séaraigh fíor-bheag ar fad, d'fhéadfaí na dáileoga sin a laghdú a thuilleadh trí umair coinneála a chur isteach sna saoráidí nua, a tuairiscíodh san tuarascáil chomh maith. Ní riachtanas éigeantach ceadúnaithe a moladh sa tuarascáil, áfach, ach go ndéanfaí an riachtanas i dtaca le humar coinneála a chur isteach, a mheasúnú de réir an cháis. Ghlac Bord an RPII leis na moltaí sin i 2008. Agus iad ag déanamh athbhreithniú ar na trí iarratas ar sheomraí éisídithe iaidín a fuarthas i 2008; chinn an RPII nach raibh gá le humair coinneála. Cuireadh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an eolas faoin seasamh rialála sin agus iarradh ar an Roinn an seasamh rialála sin a chur san áireamh mar chuid don athbhreithniú ar Phlean Ghníomhaithe Náisiúnta na hÉireann faoin Straitéis Substaintí Radaighníomhacha a bhaineann le Coinbhinsiún OSPAR.

Dáileoga Intuairiscthe

Is coinníoll é de gach ceadúnas go ndéanfaidh an ceadúnaí inniúchadh iomlán ar aon chás ina ndéantar dáileog atá níos airde ná leibhéal sonraithe tuairisce, a thaifead ar dháileogmhéadar. Is iad na leibhéil tuairisce do dháileoga an choirp iomláin agus do dháileoga na mball forimeallaigh thar tréimhse 16 seachtaine ná 2 mSv agus 50 mSv faoi seach.

Fógraíodh 15 dáileog intuairiscithe dá leithéid don RPII le linn na bliana. Tar éis inniúchadh a dhéanamh ar gach dáileog tuairiscithe níor rangaíodh ach trí cinn mar dháileoga a fuair an caiteoir féin: dáileoir gineadoirí iseatóip teicnéitiam-99m nár chloí leis na gnáthaimh láimhseála a bhaineann le gineadóirí a iompar isteach in ospidéil, bhí dáileog de 4.2 mSv ina chorp iomlán agus radagrafaí tionsclaíoch a fuair dáileog intuairiscithe de bharr tréimhse ina raibh ualach oibre mhóir air, fuaradh dáileog de 2.4 mSv ina choirp iomlán. Bhain an tríú cás le TLD a shannadh do speisialtóir cliniciúil i rannóg míochaine núicléach ospidéil, dáileog de 20.8 mSv a thaifeadadh. Nuair a rinne an RPII agus CCR an ospidéil imscrúdú ar an dáileog taifeadta sin, fuarthas gurb é foinse an nochta ná astaíre beta (beta emitter) agus nuair a cuireadh é sin san áireamh, ba é an dáileog a fuair an speisialtóir cliniciúil i ndáiríre ná 0.5 mSv ina chorp iomlán. Sna cásanna eile, cinneadh nach raibh na dáileoga a tugadh do na daoine le caitheamh á gcaitheamh acu nuair a tógadh an taifead agus mar sin, cinneadh nach raibh siad tar éis na dáileoga a taifeadadh a fháil i ndáiríre le linn a ngníomhaíochtaí oibre.

Forfheidhmiú

D'fhonn daingniú a dhéanamh ar an ngá atá le caighdeáin arda cosanta ar radaíocht a bheith ann agus slándáil na n-ábhar radaighníomhach, féadfaidh an RPII daoine a ionchúiseamh i gcás gur léir gur sáraíodh rialacháin agus déanann an RPII amhlaidh. Sa bhliain 2008, cuireadh dhá ionchúiseamh os comhair na gCúirteanna Dúiche. I mí Feabhra ionchúisíodh Trimproof Ltd, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 as dhá fheiste núicléacha (tomhsairí leibhéil dlúis le haghaidh rialú próisis) a bheith ina seilbh. Gearradh fíneáil de €1269 i leith gach ciona ar an gcuideachta agus tugadh ordú don chuideachta costais aontaithe an PRII a íoc ag Teach na Cúirte, Baile Átha Troim. I mí an Mhárta, thosaigh an RPII caingean dlí i gcoinne duine i gContae Chiarraí toisc tomhsaire dlúis taise núicléach a bheith ina sheilbh – tomhsaire a mbaintear úsáid as i dtionscadail tógála bóthair. Chuir an breitheamh ceannais an tAcht Promhaidh i bhfeidhm, ar íoc €600 le bosca déirce na Cúirte agus tugadh ordú don chosantóir costais aontaithe an RPII a íoc ag an gCúirt Dúiche, Trá Lí.

Tarluithe agus Imscrúdaithe

Le linn na bliana, rinne an RPII imscrúdú ar tharluithe a bhain le húsáid agus le hiompar foinsí radaighníomhacha agus trealaimh X-ghathaithe in earnálacha na tionsclaíochta agus an leighis.

I mí Aibreáin, chuir Rannóg na nEarraí Contúirteacha i Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe comhairle ar an RPII gur thug HM Customs faoi deara tiománaí a bhí ag iompar tomhsaire dlúis taise núicléach ó Éirinn agus go raibh an tiománaí ar a bhealach chuig an máthairchuideachta sa Phortaingéil. Chuir an RPII seo in iúl don údarás inniúil sa Phortaingéil, do Chustaim na hÉireann agus rinne sé iniúchadh ar an gcuideachta ar bhonn áitiúil in Éirinn. Ní raibh aon tomhsairí eile i láthair agus eisíodh litir cháinte. Choinnigh HM Customs an tomhsaire ina seilbh go dtí go ndeachthas i ngleic le gach ADR (Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hIompar Earraí Contúirteacha)/Cód IMDG (Cód Idirnáisiúnta Earraí Muirí). Bhí fónamh le baint as an gcás seo ó thaobh comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta de idir na húdaráis inniúla agus athdhearbhaíodh an gá atá le go ndéanfaí faisnéisiú ar thomhsairí dlúis taise núicléach mar earraí contúirteacha de réir ADR agus an Chóid IMDG. Cuireadh i gcuimhne do gach ceadúnaí iomchuí go bhfuil dualgais orthu ina leith seo. Leagann an scéal béim freisin ar thábhacht úsáid na gcóras monatóireachta calafort chun go dtabharfaí faoi deara é i gcás go bhfuil ábhar radaighníomhach á gháinneáil trí thaisme nó go gan chead. Rinneadh trasuíomh ar Threoir HASS isteach i reachtaíocht na hÉireann trí mheán I.R. 875 de 2005, agus sa treoir seo déantar tathant ar gach Ballstát saoráidí a chur ar bun ag pointí suntasacha nódacha amhail calafoirt.

Mar chuid de chóras rialála an RPII, dírítear aird ar leith ar tháthcheangal cuideachtaí, cuideachtaí a dhúnann síos ar an leachtú cuideachtaí. I gcás cuideachta amháin a raibh ceadúnas aici le haghaidh roinnt feistí frithstatacha ina raibh polóiniam -210 rinne grúpa níos mó táthcheangal ar an gcuideachta agus ina dhiaidh sin dhún an chuideachta féin síos ach choinnigh sí a sócmhainní. Tar éis don RPII imscrúdú a dhéanamh, fuarthas go raibh cuideachta a bhí ann cheana féin laistigh den ghrúpa níos mó, a raibh ceadúnas aici cheana féin ón RPII, tar éis freagracht a ghlacadh as seilbh agus diúscairt na bhfeistí faoin gceadúnas ina dhiaidh sin. Tá tábhacht níos mó agus níos mó le monatóireacht a dhéanamh ar tháthcheangail ghnó, ar dhúnadh síos agus ar ghlacadóireacht i rialú foinsí radaighníomhacha i dtimpeallacht ghnó atá ag éirí níos éiginnte gach lá.

Thuairiscigh ceadúnaí eile miondamáiste do mheicníocht comhla ar thóireadóir tiúis ina raibh foinse aimeiriciam -241 toisc nár leanadh i gceart an gnáthamh chun an meaisín a mhúchadh. Shocraigh innealtóir seirbhíse ar an láithreán an córas ina dhiaidh sin. Cé nach raibh aon suntas radaighníomhach ag baint leis an tarlú, léirigh sé an tábhacht atá le go gcuirfeadh cuideachtaí oiliúint iomchuí ar oibreoirí atá i bhfeighil na gcóras seo.

Ag deireadh 2008, cuireadh in iúl d'Éirinn go bhfuarthas cóbalt-60 i roinnt cnaipí ardaitheoirí i dtrádstóras san Iodáil. Fuarthas roinnt de na cnaipí éillithe seo sa RA freisin a chuir in iúl gur dócha gur cuireadh a leithéidí céanna d'ábhar ar fáil dá comhchuideachta in Éirinn. Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne an RPII ar son na cuideachta áitiúla seo ainmníodh roinnt láithreán agus rinneadh tomhas ar na cnaipí agus fuarthas cnaipí éillithe. Baineadh na cnaipí seo agus bhíodar le seoladh ar ais chuig an soláthraí sa RA. Cinneadh go raibh na leibhéil éillithe íseal agus nach raibh aon bhaol ann d'fhostaithe ná do bhaill den phobal.

Creidiúnú

Mar chuid dá ghealltanas feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht agus ar chomhréireacht na seirbhíse chuir an RPII córas cáilíochta i bhfeidhm dá ghníomhaíochtaí cigireachta. Forbraíodh an córas de réir cheanglais ISO 17020, caighdeán idirnáisiúnta a dearadh go sonrach d'fhoras cigireachta. I mí na Nollag, bhronn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) creidiúnú an chaighdeáin ISO sin ar an RPII.

Treoir maidir le Lastais

Lean an RPII den chomhairle a bhí á chur aige ar an RCORA maidir le trasuíomh ar Threoir 2006/117/EURATOM ón gComhairle Eorpach ag baint le maoirseacht agus rialú lastas d'fhuíollábhar radaighníomhach agus breosla spíonta idir Ballstáit chomh maith le tríú tíortha. Síníodh na bearta maidir leis an trasuíomh isteach sa dlí go luath sa bhliain 2009.

Fuíollábhar Radaighníomhach

Tá foinsí gan iarraidh faoi cheadúnas ag 80 suíomh éagsúil ar fud na tíre agus ar chúiseanna sábháilteachta agus slándála bhí sé ina comhairle le fada an lá ag an RPII ar an Rialtas go mbunófaí saoráid lárnach d'fhuíollábhar le haghaidh stóráil agus bhainistiú eatramhach na gcineálacha seo ábhair. Fáiltíodh roimh an nGrúpa Ardleibhéil a bhunaigh an RCORA, faoi chathaoirleacht Michael Kitt TD, an tAire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceist agus chun tuairisciú don Rialtas sa bhliain 2009. Tá páirt ghníomhach ag an RPII i tacú le hobair an ghrúpa seo.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Tá sé curtha in iúl ag an RPII ina Phlean Straitéiseach agus a Ráiteas Misin go mbeidh gá caidreamh a bheith ann le páirtithe leasmhara iomchuí i gcur chun cinn caighdeáin níos airde de chosaint ar radaíocht agus na caighdeáin sin a bhaint amach. Tá sé seo ábhartha go háirithe sa timpeallacht rialála agus le linn 2008, bhuail an RPII le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), leis an gComhairle Fiaclóireachta, le Comhairle na nDochtúirí Leighis, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun réimsí comhleasa a phlé agus comhthascanna a ainmniú a mbeadh mar aidhm leo éifeachtacht níos fearr a bhaint amach agus dúbailt a sheachaint. Go háirithe, tá an RPII páirteach i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta a bhaineann le hothair a chosaint ar radaíocht, atá faoi stiúir FSS. Chomh maith leis sin, tá an RPII ag obair leis an GCC chun réitigh bainistíochta fuíollábhair a sholáthar d'ábhair radaighníomhacha.

Muintir na hÉireann faoi lé Radaíochta

Réamhrá

Lean an RPII leis an athbhreithniú ar a mhéad atá muintir na hÉireann faoi lé radaíochta ianaithe agus i mí Bealtaine 2008 d'fhoilsigh sé a mheasúnú chun dáta ar dháileoga radaíochta a mbíonn muintir na hÉireann faoina lé ó gach foinse radaíochta. Déanann an RPII measúnú ar bhonn leanúnach ar na dáileoga a mbíonn an pobal faoina lé trí mheán a chláir mhonatóireachta ar an gcomhshaol agus a mbíonn oibrithe faoina lé trína chláir rialála agus dáileogmhéadrachta. Ó am go ham reáchtálann an RPII tionscadail shonracha chun eolas breise a sholáthar maidir le conairí roghnaithe ar leith trína mbíonn daoine faoi lé radaíochta agus chun leasú a dhéanamh ar na meastacháin atá ann maidir le dáileoga. Sa bhliain 2008, chuir an RPII tús le suirbhé náisiúnta maidir le tóron, a bhfuil mar aidhm aige meastachán cinntitheach a chur ar fáil do dháileog ón bhfoinse seo.

Monatóireacht Comhshaoil

Tá sé mar aidhm ag clár monatóireachta comhshaoil an RPII a mheas cá mhéad atá pobal na hÉireann faoi lé radaighníomhaíochta sa chomhshaol, chun measúnú a dhéanamh ar dháileadh na radaighníomhaíochta i gcomhshaol na hÉireann agus chun córais agus gnáthaimh a chothú a chuideodh le measúnú gasta ar éilliú sa chomhshaol i gcas go dtarlódh éigeandáil raideolaíoch. Sa chlár seo déantar sampláil agus tástáil ar an aer, ar uisce óil, ar bhia-ábhair, ar éisc, ar shliogéisc, ar fheamainn, ar dhríodar agus ar shaille chomh maith le measúnú leanúnach a dhéanamh ar ghámaradaíocht sheachtrach ag stáisiúin mhonatóireachta ar fud na tíre. Tá radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol faoi láthair inter alia toisc thástáil na n-arm núicléach, toisc timpistí núicléacha a tharla roimhe seo amhail Chernobyl agus toisc gnáthdhiúscairt ó shuiteálacha núicléacha. Is iad na diúscairtí leachtacha ó ionad athphróiseála breosla núicléach Sellafield in iarthuaisceart na Breataine atá ar an bpríomhfhoinse de radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann. Léiríonn na sonraí monatóireachta muirí go bhfuil ithe bia mara ar an bpríomhbhealach a mbíonn an pobal faoi lé na ndiúscairtí de radaighníomhaíocht shaorga. Sa bhliain 2008, fuarthas gurb ionann an mheándáileog tiomnaithe bliantúil don ghnáth-thomhaltóir bia mara ó Mhuir Éireann agus 0.09 µSv, ar féidir é a chur i gcomparáid le 0.16 µSv sa bhliain 2007. Tá na sonraí seo ag teacht leis na tomhais a rinneadh le deich mbliana anuas, mar a raibh na dáileoga a raibh tomhaltóirí bia mara fanta beagnach gan athrú le linn na tréimhse. Léiríonn Fíor 2 na dáileoga idir 1982 agus 2008 mar thoradh ar chaeisiam-137, arb ionann é agus tuairim is 55% de dáileog ó ithe bia mara.

Fíor 2: Dáileoga tiomnaithe éifeachtacha a mbíonn gnáth-thomhaltóirí bia mara faoina lé de bharr caeisiam-137, 1982-2008



D'fheidhmigh an RPIII, le cúnamh ó Met Éireann agus ó roinnt údarás áitiúil eile, Líonra Náisiúnta Radaíochta a áiríonn measúnú leanúnach a dhéanamh ar an ráta dáileoige de gháma comhthimpeallach, sampláil ar cháithníní aeriompartha chun measúnú a dhéanamh ar radaighníomhaíocht san aer agus báisteach a bhailiú. Le linn 2008 rinneadh measúnú ar an ngáma comhthimpeallach ag 15 stáisiún agus ar an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún. Ní bhfuarthas aon leibhéil mhínormálta de dháileoga de gháma comhthimpeallach le linn na tréimhse. Fuarthas go raibh na leibhéil de radaighníomhaíocht aeriompartha go léir íseal agus ag teacht leis na tomhais sna blianta roimhe sin.

Cuireann an RPII córas córasach i bhfeidhm de mhonatóireacht radaighníomhaíochta i mbainne, in uisce óil agus in aiste bia measctha de bhéilí iomlána ó cheaintíní ollscoile. Chomh maith leis sin, déantar réimse leathan bia eile a thástáil. Léiríonn na torthaí ó na hanailísí seo go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta i mbia-ábhair fanta an-íseal.

Léiríonn clár monatóireachta an RPII nach bhfuil baol sláinte ann do phobal na hÉireann mar thoradh ar an radaighníomhaíocht shaorga a bhfuil siad faoina lé sa chomhshaol agus go bhfuil siad an-íseal i gcomparáid leis an dáileog atá le fáil mar thoradh ar an radaíocht chúlra (nádúrtha). Foilsíodh na torthaí uile i sraith tuarascálacha monatóireachta agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an RPII.

Suirbhé ar Ghnáthóga Muirí

Féadtar dáileoga a mbíonn an pobal faoin lé ag eascairt ó radaighníomhaíocht atá sa chomhshaol a mheas trí shonraí tomhais dlúis ó mhonatóireacht comhshaoil a chur san áireamh le sonraí gnáthóige (amhail tomhaltais agus áitíochta) do chonairí iomchuí trína mbeadh daoine faoi lé radaighníomhaíochta. Tá sé tábhachtach mar sin, a mhéad is indéanta go réasúnta, sonraí réadúla gnáthóige chun dáta a bheith ann le haghaidh conairí tábhachtacha comhshaoil trína mbeadh daoine faoi lé na ndáileog. Le linn 2008, rinneadh suirbhé ar ghnáthóga muirí chun measúnú a dhéanamh ar na conairí as a n-eascraíonn an radaighníomhaíocht a mbíonn an pobal faoina lé sa chomhshaol muirí. Rinneadh an obair seo i gcomhar leis an UK Centre for Environmental, Fisheries and Aquaculture Research (CEFAS) thar ceann an RPII. An aidhm a bhí leis an suirbhé seo ná na conairí is tábhachtaí a aithint trína mbíonn muintir na hÉireann faoi lé radaíochta ianaithe mar thoradh ar dhiúscairtí ó Sellafield isteach i Muir Éireann. Rinneadh an suirbhé seo trí eolas cuimsitheach a bhailiú maidir le tomhaltas bia mara, áitíocht i limistéir idirthaoideacha, láimhseáil trealaimh iascaireachta agus láimhseáil iasc, láimhseáil dríodair, agus áitíocht in uisce agus ar uisce, agus aon ghnáthóg eile ina mbeadh daoine faoi lé radaíochta.

I dtuarascáil CEFAS tá measúnú sonrach ar na conairí muirí trína mbíonn daoine faoi lé radaíochta mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann. Soláthraíonn sé freisin sonraí cuimsitheacha gnáthóige a chuidíonn le measúnuithe réadúla ar dháileoga agus leagtar amach ann na moltaí maidir leis an gclár monatóireachta muirí do chósta thoir na hÉireann arna reáchtáil ag RPII.

Cé go luann an tuarascáil roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí, tá dearbhú ann, tríd is tríd, go bhfuil an clár monatóireachta atá ag an RPII faoi láthair ina chlár cuimsitheach, go gclúdaíonn sé na mórchonairí trína mbíonn pobal na hÉireann faoi lé radaíochta agus go gcuireann sé meastachán réalaíoch ar fáil i ndáil leis an méid a bhíonn an pobal faoi lé radaíochta.

Radaighníomhaíocht i bhFoinsí Screamhuisce

Cuireadh tús le staidéar náisiúnta ar sholáthairtí screamhuisce sa bhliain 2008. Tá sé sceidealaithe go rithfidh an staidéar seo go dtí 2010 agus tá sé á reáchtáil i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a dhéanfaidh tomhas ar na paraiméadair cheimiceacha lena n-áirítear úráiniam le haghaidh na bhfoinsí céanna.

Sa bhliain 2008, bailíodh samplaí ó 94 suíomh agus rinneadh anailís orthu le aghaidh a ngníomhaíochta iomláine alpha agus béite. Baineadh úsáid as treoirlíne na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) i ndáil le cáilíocht uisce óil mar bhunús na sonraí seo. Ainmníodh suíomhanna ina riabh an ghníomhaíocht alfa agus béite ag sárú leibhéil scagthástala EDS, le go ndéanfaí iniúchadh breise orthu i gcéimeanna níos déanaí sa tionscadal. I gcás na samplaí go léir a ndearnadh tástáil orthu, bhí an ghníomhaíocht béite níos ísle ná leibhéal scagthásala EDS de 1.0 Bq/l, agus bhí 86 faoi bhun leibhéal scagthástála EDS de 0.1 Bq/l le haghaidh na gníomhaíochta alfa agus ar an mbonn seo cinneadh go raibh gá le breis iniúchta ag ocht gcinn de na suiomhanna. Tá sé socraithe go ndéanfar sampláil bhreise ag na suíomhanna seo agus beidh an anailís i gcrích sa bhliain 2009.

Teicnéitiam -99 in Éisc agus Sliogéisc

Mhéadaigh an ghníomhaíocht de teicnéitiam -99 in éisc agus sliogéisc i Muir Éireann i lár na 1990í ag teacht le méadú ar na diúscairtí ó Sellafield. Níor airíodh i gcláir mhonatóireachta roimh 1994 tomhas teicnéitiam-99. Mar sin rinneadh staidéar siarghabhálach, bunaithe ar an anailís ar shamplaí ó bhunachar samplála RPII, chun bonnlíne réamh-1994 a sholáthar in éisc agus sliogéisc ó iarthuaisceart Mhuir Éireann agus ar an gcaoi sin measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndiúscairtí ó Sellafield ar mhuintir na hÉireann ó 1994 amach. Léiríonn Fíor 3 na meándlúis gníomhaíochta i gcloicheáin idir 1990 agus 2008. Sa bhliain 2003, laghdaíodh ar dhiúscairtí teicnéitiam-99 agus tá siad anois ar ais ag na leibhéil a bhí ann go luath sna 1990í. Ó shin i leith, tháinig laghdú ar ghníomhaíocht dlúis teicnéitiam-99 in éisc agus sliogéisc ar chósta thoir thuaidh na hÉireann. Léirigh an staidéar seo nach bhfuil an dáileog a bhfuil tomhaltóirí Éireannacha bia mara faoin lé tagtha ar ais chuig leibhéil bhonnlíne na 1990í luatha, agus é fós seasta ag dhá uair an méid. Is é teicnéitiam-99 a dhéanann suas faoi láthair tuairim is 15% den dáileog iomlán (0.16 agus 0.75 µSv do ghnáth-thomhaltóirí agus tomhaltóirí troma, faoi seach) do thomhaltóirí Éireannacha bia mara ó gach foinse shaoráideach radaighníomhaíochta i Muir Éireann.

Fíor 3: Meán bliantúil de ghníomhaíocht dhlús teicnéitiam-99 i gcloicheáin ag Ceann Clochair idir 1990 agus 2008



Suirbhé Náisiúnta ar Thórón

Is gás radaighníomhach é tórón atá ann go nádúrtha agus a tháirgtear nuair a mheathann raidiam -224m atá ann i screamh an domhain. Tá dlúis níos airde tórón ann i dtithe agus ar láithreachta oibre ná mar atá san aer lasmuigh, mar is amhlaidh i gcás radóin. De réir na tuarascála i ndáil leis an measúnú ar an dáileog náisiúnta a rinne an RPII i mí Bealtaine measadh go raibh an méid a bhíothas faoi lé an gáis tóróin ionann le 7% den meándáileog in aghaidh an duine in Éirinn. Tá an meastachán seo bunaithe ar staidéar an-teoranta, ámh, agus mar sin chuir an RPII tús le suirbhé náisiúnta ar leibhéil tóróin i dtithe in Éirinn. Seo tionscadal comhoibritheach idir an RPII, UCD agus Institiúid na hEolaíochta Radaíochta (IRES) sa tSeapáin (IRES). An phríomhfhoinse tóróin i dtithe ná tóiriam in ábhair thógála. Neamhchosúil le radón, níl móráin tionchair ag an ngeolaíocht áitiúil ar leibhéil tóróin i dtithe de bharr leathré ghairid thóróin (55.6 soicind) a chiallóinn go meathann an chuid is mó de faoin am a ghluaiseann sé ón ithir faoi bhun an tí isteach sa teach. Chomh maith leis sin ciallaíonn leathré ghairid thóróin gurb iad na táirgí ón meath seachas an tórón é fáin a chuireann leis an dáileog radaíochta.

Mar chuid den suirbhé, rinneadh tomhas ar ghás tóróin, ar tháirgí ó mheath tóróin agus ar ghás radóin i 253 teach i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i Luimneach. Roghnaíodh tithe le bheithe ionadaíoch thar ceann ionaid mhóra de ndaonra agus cineálacha móra tithíochta (tithe, árasáin, srl.). I ngach teach rinneadh tomhais sa phríomhsheomra suite agus sa phríomsheomra codlata. I gcás tuairim is 180 teach bhíothas tar éis tomhas a dhéanamh orthu mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Radóin agus mar sin cuireann an staidéar seo an deis ar fáil freisin iniúchadh a dhéanamh ar inmharthanacht fhadtéarmach na leibhéal radóin laistigh. Roinneadh an suirbhé in dhá chéim agus cuireadh tomhais le haghaidh na céime i gcrích sa bhliain 2008. Bunaithe ar thorthaí chéim a haon, b'ionann na meáin le haghaidh na dáileoige agus na dáileoige bliantúla is airde a fuarthas ó mheath tóróin agus 0.3 agus 2.6 mSv/sa bhliain, faoi seach. Féadtar iad seo a chur i gcomparáid leis an dáileog 5 mSv/sa bhliain ó thiúcháin radóin laistigh ag an Leibhéal Tagartha náisiúnta de 200 Bq/m^3.

A Mhéad a bhíonn Aerchriú faoi lé Radaíochta Cosmaí

Faoin I.R. Uimh. 125 de 2000 éilítear go ndéanfadh sealbhóir teastais oibreora aier measúnú ar dháileoga a mbíonn aerchriú faoina lé chun na bearta a chinneadh a mbeadh gá leo chun rialú a dhéanamh ar a bhíonn na n-aerchriúnna faoi lé radaíochta cosmaí. Tá feidhm ag an gceanglas seo i leith na n-oibreoirí aeir a bhféadfadh a n-aerchriú bheith faoi lé dáileoga bliantúla de níos mó ná 1 millisíveart (mSv), a bhfuil feidhm éifeachtach aige i leith na n-aerchriúnna a eitlíonn os cionn 8000 méadar. Déanann aerlínte dáileoga a mheas ag baint úsáide as samhlacha bogearraí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu. I gcás na bliana 2008, léirigh eolas a fuarthas ó sheacht gcinn d'oibreoirí ceadúnaithe go raibh 9726 duine a bhí faoi lé dáileog a sháraigh 1 mSv. As an líon sin, bhí 3695 duine faoi lé idir 1 agus 2 mSv, agus bhí 5779 eile faoi lé idir 2 agus 4 mSv agus bhí 252 faoi lé dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh aon dáileoga os cionn 6 mSv. Ó thosaigh monatóireacht ar aerchriúnna sa bhliain 2003 tháinig méadú comhréireach gach bliain ar an líon de bhaill aerchriúnna a bhí faoi lé dáileog a sháraigh 1 mSv (Fíor 4). An chúis leis seo ná an méadú ar líon na mball d'aerchriúnna a bhfuil gá leo chun freastal ar na bealaí nua agus reatha de réir mar atá taisteal aeir ag dul i méid.

Fíora 4: Líona na mball ó aerchriúnna a bhí faoi lé dáileog radaíochta a sháraigh 1 mSv



Tomhais Dáileogmhéadrachta ar a mhéad a bhíonn Daoine faoi lé Radaíochta ina nGairmeacha

Cuireann an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta seirbhís mhonatóireachta phearsanta ar fáil chun a chinneadh a mhéad is a bhíonn daoine faoi lé radaíochta ianaithe ina ngairmeacha. Sa bhliain 2008, ón monatóireacht a rinne an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta fuarthas go raibh 252 nó 3% de dhaoine faoi lé dáileog a sháraigh an leibhéal íosta tuairiscithe de 0.1 mSv.

Bhí céad agus fiche trí duine a bhíonn ag obair i réimsí tionsclaíochta, leighis, tréidliachta agus taighde faoi lé dáileog intomhaiste a fuair na foircinn. B'ionann an dáileog bhliantúil is airde 72.6 mSv a fuair lámh dheas fisicí leighis.

Féadtar na dáileoga seo a chur i gcomparáid le uasteorannacha le haghaidh dáileoga bliantúla don chorp iomlán agus d'fhoircinn an choirp i measc oibrithe a bhíonn faoi lé radaíochta ianaithe de 20 mSv agus 500 mSv, faoi seach.

Radón

Réamhrá

Is gá radaighníomhach é radón atá ann go nádúrtha, agus a eascraíonn ó mheath úráiniam, agus tá sé ar an bpríomhfhoinse radaíocht a bhfuil muintir na hÉireann faoina lé. Ar cheann de chuspóirí sonracha Phlean Straitéiseach an RPII tá an caidreamh le gníomhaireachtaí stáit eile agus an obair i dtreo straitéis náisiúnta a fhorbairt chun laghdú ar a mhéad a bhíonn an pobal faoi lé radóin. Le linn 2008, thóg an RPII céimeanna suntasacha i dtreo an chuspóra bheith ag obair le FSS agus le Comhairle Contae Chorcaí (CCC) chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le radón i gCorcaigh thuaidh. De bhreis air sin, d'oibrigh an RPII go dlúth leis an ÚSS i bhfeasacht a chur chun cinn maidir le radón mar shaincheist sláinte agus sábháilteachta agus i gcur chun cinn gnáthamh chun radón a thomhas ar láithreacha oibre.

Caidreamh le Gníomhaireachtaí Stáit agus Eagraíochtaí eile

Le inn na bliana, rinne an RPOII agus FSS, faoi théarmaí Meamram Tuisceana sínithe sa bhliain 2007 idir an dá eagraíocht, grúpa oibre radóin a bhunú. Ar an gcéad tasc ag an ngrúpa oibre bhí táireadh Comhpháipéir maidir lena seasamh ó thaobh radóin de ag féachaint le cur leis an bpolasaí sa réimse seo agus dul i bhfeidhm ar an bpolasaí sin. Cuirfidh an Páipéar Seasaimh seo achoimre ar fáil ar na rioscaí sláinte a bhaineann le bheith faoi lé radóin in Éirinn agus cuirfidh breac-chuntas ar fáil maidir le tiomantas an dá eagraíocht na rioscaí a bhaineann le radón a laghdú ar bhealach comhordaithe.

Faoi scáth an Mheamram Tuisceana atá ann faoi láthair, d'oibrigh an RPII go dlúth leis na ÚSS chun cuidiú leo lena n-iarrachtaí radón a chur san áireamh ina gcigireachtaí ar a láithreacha oibre. Is éard a bhí i gceist leis sin ná cruinnithe le cigirí ÚSS chun iad a chur ar an eolas maidir le radón. Mar thoradh ar an iarracht sin ó ÚSS tháinig méadú suntasach ar na fiosruithe ó fhostóirí i ndáil le radón. Chomh maith leis sin, bhuail an RPII le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóir na hÉireann chun tomhais radóin a chur chun cinn i láithreacha oibre.

Caidreamh le hÚdaráis Áitiúla

Le linn 2008, reáchtáil CCC feachtas cuimsitheach radóin i 599 teach sóisialta i dtuaisceart Chorcaí. Cuireadh an clár tomhais seo i bhfeidhm tar éis leibhéil arda radóin a aimsiú i dtithe príobháideacha agus ar láithreacha oibre i Mala sa bhliain 2007. As na ithe a ndearna CCC tomhas iontu, bhí tiúchain radóin i 121 (20%) a sháraigh an Leibhéal Tagartha náisiúnta. As an líon sin, bhí 26 (4% den iomlán) ina raibh tiúchain os cionn 800 Bq/m^3 a raibh gá cúrsaí a fheabhsú iontu láithreach.

Sa mhéid gur saincheist sláinte poiblí é radón, d'oibrigh an RPII i gcomhar le FSS chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí radóin do thionóntaí agus i ndáil leis na rioscaí sin a chur in iúl. Cuireadh paimfléad eolais sainoiriúnaithe ar fáil a bheadh ina threoir do thionóntaí maidir leis an gcaoi lena riosca ailse scamhóg a laghdú. Sheol CCC an paimfléad chuig gach tionónta i gceist maille le sonraí a bhain le cineál na n-oibreacha feabhsúcháin beartaithe ina dtithe agus sceideal dóibh. Chuir FSS dochtúirí teaghlaigh áitiúla ar an eolas maidir leis na leibhéil ardaithe radóin sa limistéir agus an riosca féideartha don tsláinte a bhain leis sin. Reáchtáil an RPII agus CCC cruinnithe poiblí i mBaile Mhistéala agus i nDúl ar Aill a dhaingnigh na hiarrachtaí dáilte eolais. Chomh maith leis sin, bhail an RPII le Comhairle Baile Mhala chun iad a chur ar an eolas is déanaí maidir leis an mbaol a bhain le radón sa bhaile agus chun tathant orthu clár tomhais a chur i bhfeidhm go céimneach i díthe a bhí faoina bhfreagracht. Reáchtáil CCC clár tomhais radóin i ngach teacht sóisialta ar fud an chontae. Molann an RPII CCC agus FSS as an gcur chuige réamhghníomhach a ghlac siad i leith radóin i gCorcaigh agus tá an RPII cinnte de go bhfuil an cur chuige ilghníomhaireachta seo ina shamhail de chur chuige ar féidir é a chur i bhfeidhm i gcodanna eile den chontae.

Le linn na bliana, bhuail an RPII le Comhairlí Contae Cheatharlach agus Shligigh chun tacú lena n-iarrachtaí radón a thomhas i dtithíocht shóisialta. Chuir an dá chomhairle contae in iúl go rabhadar ag breithniú clár tomhais radóin a chur i bhfeidhm ina limistéir sa bhliain 2009. Bhuail an RPII freisin le Comhairleoirí Sábháilteachta Grúpa an Údaráis Áitiúil chun cur chun cinn a dhéanamh ar a dtomhais radóin i láithreacha oibre an údaráis áitiúil.

Radón agus an Scéim Tíosacht Fuinnimh sa Bhaile

Le linn na bliana, rinne an RPII athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil maidir leis na ngaol idir tiúchain radóin i dtithe agus athfheistiú tithe le hinsliú. Rinneadh an t-athbhreithniú chun comhairle a chur ar an Rialtais maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag radón laistigh ar tionscnaimh bheartaithe chun feabhas a chur ar thíosacht fuinnimh i dtithe in éirínn faoin Scéim Tíosachta ar Fhuinneamh sa Bhaile. Leag an t-athbhreithniú béim ar an easpa sonraí atá ar fáil i dtaobh tíortha le haeráidí cosúil le hÉirinn agus luaigh an gá atá le breis taighde chun cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh éifeachtacht níos fearr ó thaobh fuinnimh de dul i bhfeidhm ar thiúchain radóin laistigh.

Fóram Náisiúnta maidir le Radón

San Fhóram Náisiúnta maidir le Radón tagann daoine le chéile a bhfuil ról acu aghdú ar an riosca a bhaineann le radón in Éirinn.

Ina measc tá cuideachtaí a dhéanann tomhas ar radón, cuideachtaí feabhsúcháin, taighdeoirí, ionadaithe poiblí, ionadaithe ó ghníomhaireachtaí náisiúnta, saineolais sláinte agus sábháilteachta agus an pobal. Reáchtáladh an séú Fóram Náisiúnta maidir le Radón i mí na Samhna 2008 i mBaile Átha Cliath. Ba é Michael Kitt TD, an tAire Stáit ag na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais áitiúil, a d'oscail an Fóram, thug an Dr Ferid Shannoun, comhordaitheoir an Tionscadail Idirnáisiúnta Radóin de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte, an t-eochair-aitheasc. Luaigh an Dr Shannoun go raibh an cur chuige a bhí ann chun déileáil le radón i gCorcaigh, a fuair ionchur ó roinnt mhaith gníomhaireachtaí stáit, ina shamhail a bhféadfadh an EDS aithris a dhéanamh uirthi. Dúirt an tAire Kitt gur thacaigh an Rialtas freisin leis an gcineál seo cuir chuige agus d'fhógair go rachadh an Roinn seo I gcomhairle leis an RPII chun dréacht-treoir a sholáthar d'údaráis áitiúla maidir leis an gcaoi is fearr dul i ngleic le baol radóin i dtithíocht shóisialta.

Tomhais Radóin agus Tíolacadh Maoine

Tá an RPII den tuairim gur meicníocht chostéifeachtach iomchuí atá ann i gcás go ndéantar tomhas radóin, agus más gá, oibreachas feabhsúcháin, ag am díolacháin agus/nó ceannacháin maoine chun laghdú a dhéanamh ar an riosca foriomlán ó radón. Sa mhéid go mbeadh tréimhse níos giorra don tomhas ina bhuntáiste nuair a bheadh an tíolacadh ar bun, le linn 2008, chuir an RPII tús le taighde maidir leis an gceist an bhféadfaí an tréimhse don tomhas a laghdú go mí amháin gach cur isteach ar bheaichte an toraidh. Beidh an taighde i gcrích le linn 2009.

Staitisticí maidir le Tomhas Radóin

Fuarthas gur tomhaiseadh tiúchain an-ard ar fáil radóin (os cionn 4000 Bq/m^3) i dtrí theach le linn na bliana. I gcás dhá theach b'ionann na tiúchain radóin agus 9000 Bq/m^3, ceann amháin i dTiobraid Árann, an-chóngarach don teorainn le Corcaigh, agus an ceann eile i gContae Phort Láirge. Bhí an dá theach lonnaithe i limistéir atá aitheanta ina Limistéir Ard-radóin. B'ionann an tomhas sa tríú teach agus 5500 Bq/m^3 i dteach cóngarach d'Oileán Chiarraí, Tuaisceart Chiarraí, atá ina limistéar ina bhfuarthas tiúchain an-ard de radón roimhe seo. Féadtar na tiúchain radóin seo a chur i gcomparáid leis an Leibhéal Tagartha náisiúnta de 200 Bq/m^3. Déanann a sainaithint daingniú ar chomhairle an RPII ar gach sealbhóir tí go háirithe sna háiteanna sin atá ina Limistéir Arda Radóin tástáil a dhéanamh ar a dtithe le haghaidh radóin. I ngach cás d'oibrigh an RPII go dlúth leis an sealbhóir tí chun a chinntiú go raibh siad in iúl ar na riosca agus chun go mbeadh dóthain eolais acu chun go mbeidís in ann an obair feabhsúcháin ba ghá a dhéanamh. I bPort Láirge, reáchtáil Comhairle Contae Phort Láirge agus FSS cruinnithe poiblí a raibh mar aidhm acu an pobal áitiúil a chur ar an eolas, maidir leis na leibhéil arda radóin a bhí ann. Bhí iarrachtaí poiblíochta fairsinge ann cheana i gCiarraí agus i dtuaisceart Chorcaí agus mar sin ní raibh gá le hiarracht chomchosúil sna limistéir seo. Eisíodh preaseisiúintí a raibh mar aidhm acu feasacht a chothú i ndáil le radón agus chun daoine a chur ar an eolas maidir leis na leibhéil arda radóin i ngach limistéar.

Léiríonn Tábla 2, ag deireadh mhí na Nollag 2008, go raibh 35,660 toradh de thomhais radóin ar bhunachar sonraí an RPII, agus as an líon sin bheadh 11,319 ina gcuid den Suirbhé Náisiúnta Radóin. Bhain ab fuíollach le tomhais a mbeadh táille le híoc ina leith nó a dhéanfaí mar chuid de shuirbhéanna áitiúla an RPII. Go dtí seo, ní bhfuarthas ach 4643 teach as an 91,000 teach measta le tiúchain os cionn an Leibhéil Tagartha náisiúnta de Bq/m^3. As an líon sin, bhú tiúchain radóin ag 450 os cionn 800 Bq/m^3. Na contaetha leis an gcéatadán is mó tithe os cionn an Leibhéil Tagartha ná Sligeach, Port Láirge agus Gaillimh.

Le linn 2008, fuarthas go raibh leibhéil arda radóin i 322 teach agus 30 láthair oibre.

I gcás go sáraíonn torthaí indibhidiúla 800 Bq/m^3, téann an RPII i dteagmháil leis an sealbhóir tí ar an teileafón chun na himpleachtaí a bhaineann leis an toradh a phlé agus chun tathant orthu tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin. I gcás go n-aithnítear tiúchain radóin i dtithe atá os cionn 4000 Bq/m^3, cuirtear tús le feachtas sna meáin chun tathant orthu siúd atá ag cónaí sa chomharsanacht a dtithe a thomhas le haghaidh radóin.

Tábla 2: Dáileadh na dtorthaí de thomhas radóin de réir contae (bunaithe ar thomhais a cuireadh i gcrích go dtí 31 Nollaig 2008)

			Lion na dtithe i gcatagóirí de thiúchan radóin			
Contae	**Líon na dtithe a thomhaiseadh**	**% de thithe > 200 Bq/m^3**	**0-199 Bq/m^3**	**200-800 Bq/m^3**	**> 800 Bq/m^3**	**An tiúchan is airde a thomhaiseadh (Bq/m^3)**
Ceatharlach	677	18%	556	115	6	1725
Cabhán	356	3%	344	12	0	780
An Clár	3072	11%	2725	291	56	2980
Corcaigh	4216	11%	3762	422	32	4516
Dún na nGall	1039	5%	991	48	0	512
Baile Átha Cliath	2311	6%	2163	147	1	1410
Gaillimh	4530	20%	3622	817	91	3434
Ciarraí	2981	14%	2563	329	89	49000
Cill Dara	955	5%	907	45	3	1114
Cill Chainnigh	907	13%	793	108	6	2444
Laois	483	4%	465	18	0	565
Liatroim	287	6%	269	17	1	1630
Luimneach	1018	8%	941	74	3	1857
Longfort	262	7%	243	18	1	876
Lú	531	13%	460	71	0	751
Maigh Eo	2981	16%	2498	452	31	6203
An Mhí	692	9%	631	59	2	932
Muineachán	243	7%	227	16	0	794
Uíbh Fhailí	407	3%	395	12	0	495
Ros Comáin	521	10%	467	52	2	1387
Sligeach	1360	24%	1038	275	47	5508
Tiobraid Árann	1538	11%	1372	152	14	2394
Port Láirge	995	22%	778	186	31	9714
An Iarmhí	490	9%	445	45	0	699
Loch Garman	1257	14%	1075	168	14	2926
Cill Mhantáin	1551	17%	1287	244	20	16,438
IOMLÁN	**35,660**	**13%**	**31,017**	**4193**	**450**	

Seirbhísí Tomhaiste Radaíochta

Réamhrá

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Tomhais réimse leathan de sheirbhísí tomhais radaíochta ar fáil a chuimsíonn dáileogmhéadracht phearsanta, tomhas radóin, calabrú ionstraimí agus seirbhísí anailíseacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil chun tacú le feidhmeanna reachtúla an RPII agus ar bhonn tráchtála do chustaiméirí conartha. Ar na custaiméirí atá ag an RPII tá ospidéil agus fiaclóirí, ollscoileanna, tionscail agus sealbhóirí tí.

Tá an RPII tiomanta de caighean ard cáilíochta a choinneáil i ngach deann dá ghníomhaíochtaí monatóireachta agus tomhais agus cuireann sé i bhfeidhm clár leathan dearbhaithe cáilíochta. Áirítear sa chlár seo rannpháirtíocht réimse leathan de chláir idirnáisiúnta idirchomparáide agus cur i bhfeidhm cláir bainistíochta cáilíochta arna chreidiúnú ag ISO 17025 ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). De bhreis air sin, glacann an RPII páirt i roinnt líonraí ar a bhfuil saineolaithe teicniúla a bhaineann lena réimsí oibre, a chuidíonn a chinntiú go bhfuil na seirbhísí a sholáthraítear ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Seirbhísí Anailíseacha

Déanann an RPII anailísiú ar radaighníomhaíocht i réimse leathan bia-ábhar agus ar shamplaí comhshaoil. Déantar an obair ag tacú le clár monatóireachta radaighníomhaíochta RPII agus ar bhonn conartha le cliaint sheachtracha. Áiríodh sna seirbhísí anailíseacha ar chonradh a soláthraíodh le linn 2008: tástáil ar tháirgí Éireannacha chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le tíortha a iompórtálann, tástáil ar uisce óil chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na gceanglas ó Rialacháin na gComhphobal Eorpach, tástáil ar thrialacha ciarsúir le haghaidh foinsí radaighníomhacha, tástáil ar shamplaí dreidireachta chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas an Acht um Dhumpáil ar Farraige 1996, agus tomhas radóin in uisce óil. San iomlán, rinneadh tástáil ar 2047 sampla le linn na bliana agus léiríonn Tábla 3 an miondealú ar an líon seo de réir an chineáil sampla. Cuireann an RPII teisteasú ar fáil d'easpórtálaithe bia-ábhair ó Éirinn agus easpórtálaithe táirgí eile. B'ionann an líon teastas a eisíodh sa bhliain 2008 agus 3301. Féadtar seo a chur i gcomparáid le 3445 sa bhliain 2007 agus 4229 sa bhliain 2006 agus léiríonn go bhfuil laghdú de réir a chéile ar an éileamh ar an tseirbhís seo.

Tábla 3: Tástáil radaighníomhaíochta ar shamplaí comhshaoil agus ar bhia-ábhair, 2008

Samplaí monatóireachta comhshaoil	774
Tástálacha ciarsúir	388
Conradh anailíse ar bhia-ábhair agus ar dheochanna	566
Conradh anailíse ar uisce óil	268
Conradh anailíse – cothú ainmhithe, dríodar, ilghnéitheach	51
Iomlán	**2047**

Dáileogmhéadracht Phearsanta

Sa bhliain 2008, d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta tuairim is 92,000 dáileogmhéadar coirp uile, d'fhoircinn an choirp agus neodróin do bhreis is 9000 duine in Éirinn. Léiríonn seo méadú suntasacha ar an líon daileogmhéadar a eisíodh sna blianta 2007 agus 2006 de 84,000 agus 80,000, faoi seach.

Táthar den tuairim go bhfuil rannpháirtíocht i ngrúpaí idirnáisiúnta dáileogmhéadrachta ina chuid bhunriachtanach de choinneáil ardchaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí agus lean foireann na Seirbhíse Dáileogmhéadrachta ag glacadh páirte ag Leibhéal an Comhairle Eorpaí ar an nGrúpaí Dáileogmhéadrachta Radaíochta Eorpach (EURADOS) agus ar an UK Personal Radiation Monitoring Group (PRMG). Le linn 2008, ghlac an PRII páirt i bhfoghrúpa de chuid EURADOS a bhí ag obair chun Moltaí Teicniúla Eorpacha nuashonraithe a bhunú do mhonatóireacht ar dhaoine a bhí faoi lé radaíochta seachtraí.

Le linn 2007 agus 2008, d'oibrigh an RPII i gcomhar le Panasonic Industrial Europe, University Hospital Birmingham agus CIEMAT i Maidrid chun algartam a fhorbairt chun feabhas a chur ar mheastóireacht na ndáileog ó mheaisíní X-ghathaithe íseal-fhuinnimh ag baint úsáide as daileogmhéadair theirmealonracha Panasonic UD-802A. Rinneadh bailíochtú sásúil ar na algartam seo sa bhliain 2008 le linn idirchomparáide coirp uile X-ghathaithe arna eagrú ag PRMG.

Sa bhliain 2008, thug an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta faoi chlár cuairteanna ar fud na hÉireann chun tionscnaimh nua a phlé a bhí á dtabhairt isteach ag an tSeirbhís sa bhliain 2009 agus chun aiseolas a fháil maidir le feidhmiú na Seirbhíse. D'éirigh an-mhaith leis seo agus feictear go bhfuil an cineál seo comhairliúcháin ina chuid riachtanach den fheabhsú leanúnach ar an tSeirbhís.

Chomh maith leis sin sa bhliain 2008, rinne an RPII óstáil ar chúrsa traenála ar dháileogmhéadracht theirmealonrach le haghaidh úsáideoirí chórais Panasonic. Chuir comhairleoir atá lonnaithe sna SA ó Dosimetry Resources International Inc. an cúrsa i láthair agus d'fhreastail foireann an RPII air chomh maith le húsáideoirí eile chórais Panasonic ón RA agus ón bPortaingéil.

Seirbhís chalabrúcháin

Sa bhliain 2008, rinne an tSeirbhís Chalabrúcháin tástáil ar 390 ionstraim chun a chinntiú go raibh siad comhlíonadh shonraíochtaí an déantóra.

Seachadadh córas nua bíoma raoin ionradaíochta ó Hopewell Designs Inc. Sna Stáit Aontaithe chun an tSeirbhís Chalabntrúcháin i mí Aibreáin 2008. Sa chóras nua seo tá ceithre cinn d'fhoinsí caeisiam-137 agus foinse amháin ameiriciam-241. Cuireadh i gcrích suiteáil na bhfoinsí i Meán Fómhair 2008 agus cuireadh ar fáil an táscaire nua ionradaíochta seo sa chéad leath de 2009.

D'éirigh leis an tSeirbhís Chalabraúcháin raon an chreidiúnaithe INAB a fhairsingiú le go gcuimseodh sé calabrú monatóirí éillithe. Rinneadh iniúchadh ar an ngnáthamh le linn na cuairte faireachas de chuid INAB surveillance i mí na Samhna 2008 agus bronnadh creidiúnú go luath sa bhliain 2009.

Sa bhliain 2008, lean an tSeirbhís Chalabrúcháin de bheith ina mbaill de Líonra Dáileogmhéadrachta Caighdeánach Tánaisteach na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA SSDL), den Fhóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianaithe, agus den grúpa Méadreolaíochta Eorpach EURAMET.

Tomhas Radóin

Cuireann an RPII seirbhís tomhais aeir ar fáil do thithe, do láithreacha oibre agus do scoileanna. Sa bhliain 2008 eisíodh braiteoirí radóin do 1933 teach agus 201 láthair oibre agus as an líon sin ba scoileanna 23 díobh. Tá an líon seo pas beag thíos ar an mbliain 2007, mar ar eisíodh braiteoirí do 2273 teach agus 241 láthair oibre.

Ullmhacht i gComhaire Éigeandála

Réamhrá

Faoin bPlean Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Timpistí Núicléacha (NEPNA), tá an freagrach as measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar Éirinn a bheadh ag aon timpiste núicléach thar lear agus comhairle a sholáthar ar an raon de bhearta cosantacha a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu. Ag tacú leis na feidhmeanna seo, tá Líonra Monatóireachta Náisiúnta Radaíochta i bhfeidhm ag an RPII, déanann sé cothú ar ghnáthaimh éigeandála agus glacann páirt go rialta i gcleachtaí náisiúnta gus idirnáisiúnta éigeandála. Tá ról an-ghníomhach freisin ag an RPII i dtionscnaimh náisiúnta atá bainteach le NEPNA agus le grúpaí pleanála éigeandála eile. Tá na naisc idir na grúpaí seo léirithe i bhFíoracha 5 agus 6 le haghaidh freagairt éigeandála agus pleanáil éigeandála, faoi seach.

Pleananna Éigeandála RPII

Éilítear ar gach Roinn Rialtais agus gach gníomhaireacht rialtais a bhfuil freagrachtaí orthu faoi NEPNA fophleananna a bheith acu i scríbhinn maidir leis an gcaoi a gcuirfidís na freagrachtaí sin i bhfeidhm. Sa bhliain 2008, cuireadh san áireamh i bhfophlean is déanaí de chuid an RPII an t-aiseolas a fuarthas le linn athbhreithniú na bliana roimh ré.

Chomh maith le haon fhreagra ar thimpistí mórscála faoi NEPNA, amhail timpiste núicléach thar lear, féadtar iarraidh ar an RPII freagairt do tharluithe áitiúla. Sa bhliain 2008, d'oibrigh an RPII chun a shocruithe a dhéanamh foirmiúil i ndáil le freagairt do tharluithe áitiúla trí dhréachtphlean éigeandála a ullmhú. Le linn an phróisis seo rinneadh athbhreithniú ar an eispéireas a bhain le freagairt do tharluithe áitiúla roimhe sin agus breithníodh freisin socruithe a beartaíodh faoin gCreat le haghaidh Mór-éigeadálaí. Sa bhliain 2009 cuirfear i gcrích an plean seo agus eagrófar clár cleachtaidh.

Creat do Bhainistiú Mór-éigeandála

Cuireann an Creat do Bhainistiú Mór-éigeandála ar chumas An Gharda Síochána, FSS agus na húdaráis áitiúla ullmhú chun freagairt go comhordaithe do mhór-éigeandálaí ó imeachtaí áitiúla agus réigiúnacha amhail dóiteáin, timpistí iompair, tarluithe a bhaineann le substaintí contúirteacha agus droch-aimsir. Mar chuid den chlár forbartha Mór-éigeandála, chuir an RPII le hullmhú an Dréacht-phrótacail don Fhreagra Ilghníomhaireachta ar Éigeandálaí Raideolaíocha/Núicléacha. Foilsíodh an prótacal seo le go ndéanfaí tagairt dó ar shuíomh gréasáin na Mór-éigeandálaí (*www.mem.ie*) ag deireadh na bliana 2008.

Meamram Tuisceana le Met Éireann

Tá roinnt réimsí de chomhoibriú idir an RPII agus Met Éireann a bhfuil gá leo chun go mbeadh an dá eagraíocht in ann a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoi NEPNA. Sa bhliain 2008, rinneadh foirmiúil an comhoibriú seo trí Mheamram Tuisceana a shíniú idir an dá eagraíocht. Cuidíonn Met Éireann leis an RPII i bhfeidhmiú an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta trí óstáil a dhéanamh ar threalamh monatóireachta ag láithreáin mheitéareolaíochta agus trí sholáthar seirbhísí cothabhála agus bailiúcháin samplaí ag na láithreáin le foireann. Cuidíonn Met Éireann freisin le foireann Measúnaithe Theicniúil éigeandála an RPII trí réamhaisnéisí aimsire a sholáthar a d'fhéadfadh cuidiú le réamh-mheas na caoi a leathadh ábhar radaighníomhach amach san atmaisféar. I gcás timpiste núicléach, d'oibreodh duine de réamhaisnéiseoirí Met Éireann leis an bhFoireann Measúnaithe Theicniúil chun saineolas a sholáthar ar shaincheisteanna meitéareolaíochta. Sa bhliain 2008, chuir an RPII cruinnithe faisnéisithe ar fáil maidir le NEPNA agus maidir le teicníní measúnaithe an RPII do réamhaisnéiseoirí dualgais Met Éireann.

Cleachtaí Éigeandála

Reáchtálann an RPII clár bliantúil de chleachtaí éigeandála chun saineolas na foirne a chothú. Áirítear sna cleachtaí seo cleachtadh a dhéanamh ar ghnéithe de phleananna éigeandála an RPII, amhail fógra tosaigh an oifigigh dualgais de chuid an RPII, measúnú ar thimpiste núicléach ionsamhlaithe ag baint úsáide as uirlisí tuartha ar an ríomhaire agus anailís ghasta ar shamplaí comhshaoil. Mar chuid de chlár cleachtaidh 2008, glac an RPII páirt i gcomhchleachtadh le Cosaint Shibhialta maidir le sampláil comhshaoil agus anailís saotharlainne ar shamplaí faoi choinníollacha oibríochta éigeandála.

Dhírigh cleachtaidh NEPNA le linn 2007 ar na bearta cosantacha a bheadh le cur i bhfeidhm sna hearnálacha talmhaíochta agus bia tar éis timpiste núicléach thar lear. Mar thoradh ar an gcleachtadh seo baineann saineolaithe ón RPII agus ón Roinn Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia (RTIB) comhthuiscint ar ardleibhéal a bhaint amach maidir leis na saincheisteanna tosaíochta chun bainistiú a dhéanamh ar éilliú radaighníomhach ar thalamh talmhaíochta. Sa bhliain 2008, d'eagraigh an RPII cruinniú leantach chun dul siar ar an eolas a fuarthas le linn an chleachtaidh roimhe sin. Mar chuid den chleachtadh, rith an RPII samhlacha ríomhaire chun réamh-mheas a dhéanamh ar na tiúchain de radaighníomhaíocht i mbia agus i gcothú ainmhithe le haghaidh trí am éagsúla i rith na bliana. Shainaithin an RTIB agus an RPII na céimeanna a mbeadh gá leo chun an biashlabhra a chosaint ag na trí huaire sin i rith na bliana do gach cás ar leith. Shainaithin rannpháirtithe na gcleachtaí na nithe a bhí le foghlaim agus d'aontaigh ar thopaicí a bhféadfaí iad a úsáid sna cleachtaí amach anseo.

Chomh maith leis na cleachtaí náisiúnta seo, ghlac an RPII páirt i roinnt cleachtaí éigeandála idirnáisiúnta arna eagrú ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA) agus an Coimisiún Eorpach (CE). Bhí díol suntais ar leith ag baint leis na gcleachtadh Convex-3. Is cleachtaí idirnáisiúnta mórscála iad cleachtaí Convex-3 arna eagrú ag GIFA gach trí go cúig bliana. Sa bhliain 2008, bunaíodh an cleachtadh Convex-3 ar thimpiste thromchúiseach a d'fhéadfadh a tharlú ag ionad cumhachta núicléacha Laguna Verde i Meicsiceo. Thosaigh an cleachtadh ar

an 9 Iúil agus lean ar feadh 38 uair. Toisc fhad Mheicsiceo ó Éirinn, bhain príomhfhócas na hÉireann sa chleachtadh seo le comhairle a chur ar náisiúnaigh Éireannacha thar lear. Pléadh an cheist seo agus cheap an RPII, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an RCORA comhairle i gcomhar lena cheile. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh GIFA liosta de gach táirge talmhaíochta/bia atá faofa le hiompórtáil ó Mheicsiceo. Chuir an cleachtadh seo deis ar fail le forbairt a dhéanamh ar an bhfreagra a thabharfaí ar thimpiste núicléach nach mbeadh aon tionchar díreach aige ar Éirinn. Chomh maith leis sin chuir Convex-3 an deis ar fáil do RPII agus Met Éireann tástáil bhreise a dhéanamh ar na gnáthaimh chun samhaltú a dhéanamh ar leathadh amach atmaisféarach ar radaighníomhaíocht scaoilte trí thaisme.

Foláirimh Éigeandála

Tá dhá chóras neamhspleácha ann chun fógra gasta a thabhairt i gcás aon éigeandálaí raideolaíocha a mbeadh tionchar trasteorann féideartha acu. Déanann GIFA i Vin agus na CE i Lucsamburg iad seo a fheidhmiú. Oibríonn na córais seo ar bhonn leanúnach agus déantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta (mar shampla, déantar cainéil chumarsáide don chóras CE a thástáil go huathoibríoch ar bhonn laethúil). Tá leibhéil éagsúla práinne ag na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl trí mheán na gcóras seo, le 'práinn' ar an leibhéal is airde faoi chóras an CE (ECURIE). Cé go bhfuil ECURIE i bhfeidhm ó 1987 i leith, go dtí 2008 níor eisíodh aon fholáireamh práinne.

Sa bhliain 2008, eiseoidh dhá fholáireamh práinne trí mheán ECURIE, an chéad cheann i ndiaidh tarlaithe ag ionad cumhachta núicléach sa tSlóivéin i mí an Mheithimh. Cuireadh in iúl go gasta nach raibh sa tarlú seo ach miontarlú mar ar scíthe píosa beag uisce fuartháin agus ní dhearnadh aon éilliú ar an gcomhshaol. Ina dhiaidh sin rinneadh rátáil air ar Scala Tarluithe Núicléach Idirnáisiúnta (INES) ar an bhfuil seacht bpointe. Fuarthas an dara foláireamh práinne i mí Lúnasa tar éis sceitheadh de iaidín-131 ó shaoráid táirgeachta raidiseatóip leighis in Fleurus sa Bheilg. Rinneadh rátáil ar an tarlú seo ag leibhéal 3 de scala INES. Belgium. This incident was rated as level 3 on the INES scale. Léiríonn an rátáil seo gur tarlú tromchúiseach a bhí ann ach nach raibh riosca suntasach ann lasmuigh den láithreán. Cé nach raibh aon impleachtaí raideolaíocha ag aon cheann den dá tharlú d'Éirinn bhí siad ina dtástáil bheo de chórais fógartha, agus fuarthas gur oibrigh siad go maith.

Fíor 5: Struchtúir straitéiseacha agus naisc don fhreagra éigeandála



Fíor 6: Struchtúir straitéiseacha agus naisc don phleanáil éigeandála



Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Cothaíonn an RPII rannpháirt ghníomhach in obair eagraíochtaí lárnacha idirnáisiúnta a fhorbraíonn caighdeáin agus treoir maidir le sábháilteacht núicléach agus úsáidí na radaíochta ianaithe. Áirítear i measc na n-eagraíochtaí seo an tAontas Eorpach, an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (CICR), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhinneamh Adamhach (GIFA), agus Ghníomhaireacht do Fhuinneamh Núicléach (GFN) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).

Déanann an RPII ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar 20 coiste agus grúpa oibre eolaíochta agus teicniúil idirnáisiúnta. Is é an Dr Stephen Fennell cathaoirleach Líonra na nÚdarás Eorpach Radaíochta (ERPAN) agus tá an Dr Ciara McMahon ina cathaoirleach ar an sainghrúpa um Théarnamh, Talmhaíocht agus Bia de Mheitheal Oibre an NEA ar Chúrsaí Éigeandálaí Núicléacha. Ceapadh an Dr Tom Ryan le déanaí ina Chathaoirleach ar an gcoiste comhairleach atá ag forbairt moltaí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 37 de Chonradh Euratom ag déileáil le tionchar na n-ionad núicléach ar thríú tíortha.

Tá Príomhfheidhmeannach an RPII, an Dr Ann McGarry, ina ball de Choiste 4 a ICRP agus ina leas-chathaoirleach ar Ghrúpaí Rialtóirí Núicléacha na hEorpa (ENSREG). I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an RPII cruinniú de Choiste 4 ICRP i mBaile Átha Cliath agus le linn an chruinnithe sin cuireadh obair an Choiste i láthair an luchta éisteacha a bhí déanta suas de shaineolaithe náisiúnta ar chúrsaí a bhaineann le cosaint raideolaíoch.

Coinníonn an RPII dlúth-theagmháil leis an dá rialtóir ón RA, eadhon an Fheidhmeannach Sláinte agus Sábháilteachta – Stiúrthóireacht Cúrsaí Núicléacha (HSE-ND) agus na Environment Agency of England and Wales (EA). Chomh maith leis sin, tá Meamram Tuisceana ag an RPII le rialtóir núicléach na Fraince, an Autorité de Sûreté Nucléaire (ASN). Le linn 2008, bhí cruinnithe foirmiúla ann idir an RPII agus gach ceann de na heagraíochtaí seo chun eolas agus saineolas a mhalartú ar réimse cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht núicléach agus radaíochta.

Trí mheán a Chláir Chomhoibriúcháin Theicniúil, forbraíonn IAEA caighdeáin radaíochta agus cláir tomhais radaighníomhaíochta ina Bhallstáit. Glacann an RPII páirt sa chlár seo trí shaineolaithe a chur ar fáil le litríocht chomhairleach a fhorbairt, cúrsaí traenála a reáchtáil agus treoir a sholáthar ar chúrsaí a bhaineann le cosaint radaíochta. Le linn 2008, is éard a bhí i gceist leis seo ná cuairteanna oibre ar an mBotsuáin, ar Ghána, ar an Spáinn agus ar an Tansáin. De bhreis air sin, faoin gClár Malartaithe Cúnaimh agus Eolais Theicniúil chuir ball foirne traenáil ar fáil sa Rómáin maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta ón AE ar mhonatóireacht radaighníomhaíochta sa chomhshaol.

Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha thar Lear

Réamhrá

Tá freagracht reachtúil ar an RPII monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i ndáil le sábháilteacht núicléach agus comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis sin. Feidhmíonn an RPII na feidhmeanna sin trí chaidreamh le rialtóirí núicléacha agus trí chuairteanna a thabhairt ar shaoráidí núicléacha thar lear. Déanann an RPII athbhreithniú freisin ar litríocht theicniúil agus eolaíochta ionas go mbeidh sé go hiomlán ar an eolas maidir le ceisteanna idirnáisiúnta agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh bheith acu d'Éirinn.

Sábháilteacht Núicléach sa RA

Leanann an RPII leis an dlúthmhonatóireacht ar fhorbairtaí ag Sellafield agus ionaid eile sa RA. Ag Sellafield, dírítear aird ar leith ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fholmhú na nUmar Stórála Ardghníomhaíochta (USAanna) ina bhfuil méideanna móra de leacht radaighníomhach. Is iad na USAanna na mórghuaiseacha ar an láthair. Tá teorainneacha dochta sainithe ag HSE-ND na RA maidir leis an méid leachta is féidir a stóráil san USA ag aon am amháin agus éiríonn an teorainn seo níos doichte le caitheamh ama go dtí go sroichfear an toirt "maoláin" de 200 m^3 faoi 2015. Coinnítear an RPII go hiomlán ar an eolas maidir le dul chun cinn toirt an leachta atá stóráilte sna USAnna. Mar a tharla le dhá bhliain anuas, bhí an méid fuíoll-leachta a gineadh sa bhliain 2008 íseal toisc na bhfadhbanna leanúnacha a bhí leis an athphróiseáil. Chiallaigh sé sin gur sháraigh an laghdú a baineadh amach sa bhliain 2008 an méid a éilíodh aoi shonraíodh an HSE-ND.

Ar na nithe suntasacha eile bhí díchoimisiúnú na saoráidí as feidhm agus dul chun cinn athoscailt an ionaid THORP, a dúnadh tar éis mórsceitheadh a thabhairt faoi deara sa bhliain 2005. Maidir leis an ionad THORP, thug an HSE-ND toiliú go ndéanfaí é a athoscailt i mí Eanáir 2007 agus ina dhiaidh sin thosaigh Sellafield Ltd atosú céimneach ar tháirgeadh in THORP. Mar chuid den chur chuige céimneach níor imigh an breosla spíontar trí chéimeanna éagsúla táirgthe ach sa chás go raibh na rialtóirí sásta gur cuireadh an chéim roimh ré i gcrích i gceart. Sa dara leath de 2008, dúnadh an t-ionad arís chun athruithe teicniúla a bhí beartaithe a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis na deacrachtaí leanúnach le THORP, mar thoradh ar roinnt de na galathóirí ag Sellafield gan a bheith ar fáil ar bhonn leanúnach cuir moill le sceideal pleanáilte don athphróiseáil ar bhreosla spíonta Magnox. Is cúis imní an cur isteach ar athphróiseáil bhreosla Magnox sa mhéid go bhfuil an breosla atá cheana féin ag Sellafield stóráilte faoi uisce agus go bhféadfadh, le caitheamh ama, go gcreimfeadh sé. Cuireann rialtóirí núicléacha na RA nuashonrúcháin ar fáil don RPII go rialta maidir leis an gceist seo.

Chomh maith leis sin, leanann an RPII ag monatóireacht na bpleananna sa RA chun ionaid núicléacha nua a thógáil in ionad na n-ionad atá le dúnadh i gcaitheamh na tréimhse 20 bliain atá le teacht. Tá súil ghéar á coinneáil ag an RPII ar ghnáthaimh réamhcheadúnais atá á gcur i bhfeidhm a chinnfidh cad iad na dearthaí imoibreora is a bhféadfaí ceadúnas a thabhairt dóibh sa RA chomh maith leis an díospóireacht leanúnach ar inbhuaine na láithreán núicléach reatha le haghaidh thógáil na n-imoibreoirí nua.

Tarluithe Núicléacha

Trí mheán an Mheamraim Thuisceana le HSE-ND agus an caidreamh leanúnach leisd an EA, cuireadh roinnt tarluithe ag Sellafield agus ag láithreáin núicléacha eile sa RA in iúl don RPII le linn na bliana. Ní raibh iarmhairtí ag aon cheann díobh seo lasmuigh den láithreán, agus mar sin, ní raibh aon impleachtaí díreacha acu d'Éirinn. Níor rangaíodh aon cheann os cionn Leibhéal 1 ar scála seacht bpointe INES. Ar an bpointe is ísle den scála seo tá tarlú leibhéal 1 agus rangaítear é mar 'aimhrialtacht' nó mar mhiontarlú.

De bhreis ar an dá tharlú a cuireadh in iúl mar fholáirimh phráinne ar chóras fógartha ECURIE, ar cuireadh síos orthu roimh seo, cuireadh an RPII ar an eolas freisin maidir le roinnt miontimpistí núicléacha i dtíortha eile trí mheán an Chórais Ghréasán-bhunaithe Imeachtaí Núicléacha de chuid GIFA (NEWS). D'éirigh siad seo scaoileadh sa chomhshaol d'eisiltigh le úráiniam ag an ionad núicléach SOCiété Auxiliaire du TRIcastin (SOCATRI) atá suite ar láithreáin núicléach Tricastin ar Abhainn na Róine in oirdheisceart na Fraince, a ndearnadh rátáil air ag Leibhéal 1 ar scala INES.

Cruinniú Athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin um Shábháilteacht Núicléach

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta é Coinbhinsiún GIFA um Shábháilteacht Núicléach a chuireann de dhualgas ar gach tír rannpháirteach (Páirtithe Conarthachta) leibhéal ard de shábháilteacht núicléach a choinneáil ag imoibreoirí cumhachta agus tuairisciú ar bhearta a glacadh ina leith seo. Chomh maith cuimsíonn an Coinbhinsiún dualgais maidir le creat rialaithe náisiúnta, sábháilteacht na suiteálacha núicléacha agus socruithe don phleanáil éigeandála. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm sa bhliain 1996 agus gach trí bliana cuireann na Páirtithe Conarthachta, Éire san áireamh, tuarascáil náisiúnta isteach a leagann amach na bearta a ghlac an tír sin chun na dualgais iomchuí faoin gCoinbhinsiún a chur i bhfeidhm. Déanann Páirtithe Conarthachta eile piar-mheasúnú ar na tuarascála náisiúnta seo agus cuirtear ceisteanna ar na tíortha maidir lena dtuarascálacha agus lena gcláir um shábháilteacht núicléach. Tharla an ceathrú Cruinniú Athbhreithniúcháin i mí Aibreáin 2008 i Vín.

Ghlac foireann an RPII páirt i gCruinniú Athbhreithniúcháin trí pháirt a ghlacadh in ullmhú thuarascáil náisiúnta na hÉireann, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha náisiúnta eile agus ceisteanna a chur maidir leo, tuarascáil na hÉireann a chur i láthair ag an gCruinniú agus páirt a ghlacadh sa phlé. Ceapadh Príomhfheidhmeannach an RPII, an Dr McGarry, ina Leas-Uachtarán ar an gCruinniú Athbhreithniúcháin agus rinne cathaoirleacht ar ghrúpa oibre neamhiata a bhí ag meas an phróisí athbhreithniúcháin, lena n-áirítear forálacha don leanúnachas idir Cruinnithe Athbhreithniúcháin, trédhearcacht níos fearr sa phróiseas athbhreithniúcháin agus clár for-rochtana fairsingithe.

Le linn na phiar-mheasúnaithe ar thuarascáil na hÉireann, seo a leanas na nithe a sainaithníodh mar dhea-chleacht na hÉireann: malartú rialta eolais le rialtóirí i dtíortha comharsanachta; foilsiú (i dteangacha éagsúla) an leabhráin maidir le phleanáil éigeandála; suirbhé poiblí a reáchtáil ar thuairimiú i leith na pleanála éigeandála rialtais; rochtain ar líne ar líonra nua-aimseartha monatóireachta radaíochta agus tathant ar fhoireann an RPII páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta piar-mheasúnaithe. San athbhreithniú sainaithníodh cothú scileanna agus a chinntiú go raibh an pobal ar an eolas maidir le cineál na n-éigeandálaí núicléacha a d'fhéadfadh a tharlú agus a bheadh ina ndúshláin d'Éirinn.

An tátal a bhí le baint ag an gCruinniú Athbhreithniúcháin ná gur baineadh amach leibhéal sásúil foriomlán sábháilteachta agus cosanta radaíochta ag imoibreoirí núicléacha éagsúla ar fud an domhain. Cibé scéal é, bhí rabhadh ann gur chóir do thionscail agus do rialtóirí gan a bheith faillíoch ó thaobh na sábháilteachta de. Leagadh béim ar an ngá le breis oscailteachta agus trédhearcachta i measc oibreoirí agus forais rialaitheacha araon.

Seirbhísí Tacaíochta Corparáidí

Réamhrá

Cuimsíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha gach ceann de na seirbhísí tacaíochta a éilítear chun an RPII a rith. Léiríonn obair na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha réimse straitéise de bhearta a bhfuil mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an RPII chun feidhmiú go héifeachtach, go gcloítear le geilleagar atá stuama agus go bhfuil eolas bainistíochta iomchuí i bhfeidhm. Tá gnóthachtálacha suntasacha don bhliain liostáilte thíos faoi na ceannteidil éagsúla.

Airgeadas

B'ionann ioncam an RPII sa bhliain 2008 agus €7.009m a bhí déanta suas de dheontas de €3.876m chun críocha reatha, deontas infhaighte de €1.148m chun críocha pinsin de réir mar a éilítear faoi FRS 17, agus tuilleamh de €1.368m ó mhuirir cheadúnais agus ó dháileogmhéadracht, teastasú táirge, tomhas radóin agus seirbhísí eile.

Chomh maith leis sin fuair an RPII deontas caipitil de €0.800m chun uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar a threalamh. Sháraigh caiteachas don bhliain an t-ioncam faoi €0.071m agus rinneadh é a mhaoiniú ó bharrachas a tugadh trasna ón mbliain roimh ré.

Íoc Pras Cuntas

Tá an RPII faoi raon an Achta um Íoc Pras Cuntas, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus faoi raon na Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Late Payment in Commercial Transactions) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Seo a leanas tuairisc ar na cleachtais íocaíochta ag an RPII don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Tá sé ina pholasaí ag an RPII a chinntiú go n-íoctar gach sonrach go pras. Áiríonn córas um rialú inmheánach na heagraíochta na rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire atá ag an eagraíocht lena chinntiú go sainaithnítear sonraisc agus conarthaí le híoc laistigh den tréimhse atá sonraithe san Acht. Cuireann rannóg na gcuntas tuairisc ar fáil a shainaithníonn sonraisc atá gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Bhí trí cinn d'íocaíochtaí déanacha ann dar luach breis is €317 le linn 2008 agus sháraigh siad seo an dáta díolta slite faoi tuairim is 35 ar an meán. Is ionann luach iomlán n-íocaíochtaí déanacha sin agus €6050 a léiríonn 0.35% d'íocaíochtaí iomlána soláthraí le híocaíochtaí pionóis úis de €61.21. Rinneadh tuairim is 99.65% de gach éileamh íocaíochtaí laistigh den amscála a forordaithe.

Seirbhísí Airgeadais

Le linn 2008, chuathas i mbun mórthionscadail chun lárú a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais sheirbhísí RPII agus chun córas bainistíochta nua airgeadais a chur i bhfeidhm chun gach idirbheart airgeadais a láimhseáil ar fud na heagraíochta. D'imigh an córas seo beo an 1 Meán Fómhair agus leanfaidh obair le linn 2009 chun leabú a dhéanamh ar na próisis agus na gnáthaimh nua.

Teicneolaíochtaí Faisnéise Cumarsáide

Sa bhliain 2008, ar na príomhfhócais bhí feabhas a chur ar chórais TF do théarnamh tubaiste. Suiteáladh réiteach láraithe cúltaca chun caighdeánú a dhéanamh ar fud na bhfreastalaithe. Chuir an córas nua seo feabhas ar éifeachtacht na gcúltacaí, laghdú sé go suntasach na hamanna aschuir agus laghdaigh chomh maith an forchostas bainistíochta.

Rinneadh feabhsúcháin freisin ar bhainistíocht na gcóras bunachair shonraí le lárú na gcóras ar fhreastalaí lárnach. Mar thoradh air seo tá bainistíocht níos éifeachtaí agus tá sé níos éasca téarnamh i gcás go gclisfeadh sé. I measc na bhfeabhsúchán eile tá naisc shonraí le cian-suíomhanna oifige agus úsáid na nasc seo chun éascú a dhéanamh ar chúltaca sonraí lasmuigh den láthair.

Chomh maith leis sin sa bhliain 2008, cuireadh i gcrích go sásúil tionscadal chun nasc a chruthú idir córais ghutha agus sonraí an RPII leis an Ionad Náisiúnta Cumarsáide Éigeandála (NECC), ag cur feabhais ar acmhainn an RPII tacú le Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha.

Seirbhísí Custaiméara Ardchaighdeáin

Tá an RPII tiomanta de seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá chustaiméirí uile ar fud a raoin iomláin gníomhaíochtaí. Tá ionadaithe ag an tSeirbhís Cháilíochta Chustaiméara (SCC) an RPII ar na ceithre rannóg de RPII agus cuidíonn le baint amach na bhfeabhsúchán i gcáilíocht na seirbhíse a soláthraítear.

Sa bhliain 2008, chuir grúpa oibre SCC an RPII a athbhreithniú deireanach ar chur i bhfeidhm na mbeart a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta SCC 2006-2007. I ndiaidh an athbhreithniúcháin seo, thosaigh an grúpa ar phlean gníomhaíochta a fhorbairt don tréimhse 2008-2010. Forbraíodh an plean gníomhaíochta nua seo feadh an phlean straitéise don tréimhse chéanna, a chiallaigh go bhféadfaí é a ailíniú go hiomlán le cuspóirí straitéiseacha.

I mí Feabhra 2008, rinneadh suirbhé i measc custaiméirí le ceistneoirí a seoladh chuig 4000 custaiméir. Baineadh amach ráta freagartha de 17%. Léirigh an suirbhé seo go raibh "custaiméirí an RPII, tríd is tríd, sásta le seirbhís agus caighdeán na ndéileálacha a bhí acu le foireann an RPII". Leag an suirbhé béim freisin ar an éileamh atá ag dul i méid do sheirbhísí ar líne trí mheán an tsuímh ghréasáin. Féadtar amharc ar an suirbhé ag *www.rpii.ie*.

Chomh maith leis sin, sa bhliain 2008, forbraíodh cúrsa oiliúna seirbhíse custaiméara agus cuireadh ar fáil an cúrsa don fhoireann go léir.

Bainistíocht Taifead

Ceannaíodh córas i dtreo dheireadh na bliana 2008 chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid leictreonacha. Soláthraíonn an bogearra agus an córas scannacháin seo le gur féidir taifid a ghabháil agus a eagrú i bhfoirm leictreonach. Féadtar taifid stóráilte a aisghabháil

ag baint úsáid as critéir éagsúla lena n-áirítear cuardach focal. Cuirfear an córas seo i bhfeidhm ar bhonn píolótach ag féachaint lena chur i bhfeidhm ar fud an RPII sna blianta amach romhainn.

Acmhainní Daonna agus Soláthar Foirne

Sa bhliain 2008, thug an Roinn Airgeadais cead don RPII seisear ball foirne breise a fhostú agus post teicniúil a thiontú ina phost bainistíochta TF ag grád an Phríomh-Oifigigh Chúnta/Oifigigh Shinsearach Eolaíochta. Tharla an ceadú foirne seo tar éis plé fada a bheith ann lenár máthair-roinn, an RCORA, agus d'imigh i ngleic le héagothroime i struchtúr na foirne. Chuir AD tús láithreach le cur i bhfeidhm na n-athruithe seo a chuimsigh comórtais inmheánacha ag gach leibhéal riaracháin. Chuir tionchar na n-athruithe seo feabhas ar an tseirbhís do chustaiméirí, chuir sé éifeachtacht níos fearr ar fáil i socruithe riaracháin, agus chuir sé feabhas ar an struchtúr le haghaidh na foirne riaracháin agus TF agus chuir deireadh le bheith ag brath ar fhoireann ó ghníomhaireachtaí chun freastal ar riachtanais riaracháin.

Radaíocht Neamhianaithe

I mí an Mhárta 2006, de bhun an Mheamraim leis an Rialtas a leag an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Daonna, d'aontaigh an Rialtas gur chóir mandáid an RPII a shíneadh le go n-áireodh sé gnéithe a bhaineann le radaíocht neamhianaithe agus gur chóir go mbeadh dóthain acmhainní ag an RPII chun a chuid oibre a dhéanamh. Táthar leis an mhandáid nua don RPII a leagan amach i Meamram atá le cur faoi bhráid an Rialtais ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Le linn 2007, chuir an RPII tuarascáil chuig an Aire le go mbreithneodh sé í – tuarascáil a leagann amach tuairimí an RPII maidir leis an mhandáid iomchuí don RPII agus áirítear ann plean forfheidhmithe a chuimsíonn na chéad trí bliana dá feidhmiú. Le linn 2008, chuir foireann agus saineolaithe an RPII a chuidigh le hullmhú na tuarascála cur i láthair d'oifigigh shinsearacha sa RCORA. Tá dul chun cinn maidir le forbairt an dara Meamram atá le cur faoi bhráid an Rialtais idir lámha ach tá sé ag glacadh níos mó ama ná mar a ceapadh toisc na n-athruithe san fhoireann laistigh den RCORA.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta i bhfeidhm ag an RPII de réir chaighdeán OHSAS 18001. An sprioc atá ann le haghaidh 2008 ná "feasacht a ardú i measc na foirne maidir le sábháilteacht ghinearálta oifige". An tionchar a bhí ag na hiarrachtaí maidir leis seo sa bhliain 2008 ná laghdú ar líon na sáruithe oifige a tugadh faoi deara le linn na n-iniúchtaí sábháilteachta i gcomparáid le 2007, ag léiriú feasacht feabhsaithe i measc na foirne. I measc na mbeart eile a glacadh le linn 2008 bhí suiteáil an chnaipe práinne chun roinnt tacaíochta a sholáthar d'fháilteoirí, bainistíocht fheabhsaithe ar an gclár dóiteáin le linn drileanna dóiteáin, uasghrádú agus chomhtháthú ar chóras aláraim dóiteáin idir an dá fhoirgneamh oifige ag an RPII.

Ní raibh aon "tarluithe intuairiscithe" ann de tharluithe contúirteacha sa bhliain 2008, ach bhí foireann an RPII in dhá thimpiste gluaisteáin agus iad ar ghnó oifigiúil. Níor tharla aon ghortuithe móra dá mbarr.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta de polasaí comhdheise a sholáthar i ngach gné dá ghníomhaíochta. Tugtar aird ar leith ar chomhionannas san earcaíochta, i gcoinníollacha fostaíochta agus i rochtain ar ardú céime, ar oiliúint agus ar fhorbairt gairme. Aithníonn an RPII go bhfuil socruithe solúbtha oibre ina gcuid thábhachtach de pholasaithe comhionannais agus tá scéimeanna i bhfeidhm fleisc-am, saoire don staidéar, sosanna gairme agus comhroinnt oibre, faoi réir go mbeadh dóthain foirne ann le clúdach a choinneáil ag gach tráth agus chun a chinntiú gur féidir leis an Institiúid a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Rinneadh iniúchadh chun bonneagar an RPII a mheas i dtéarmaí chomhlíonadh an Achta um Míchumas 2005. Mar thoradh air seo, chuimsigh athchóiriú 2008 na n-oifigí nua seomra nua cruinnithe ar leibhéal na talún agus saoráidí inrochtana; fheabhsaigh na forbairtí seo go mór inrochtaineacht ár gcóiríochta oifige. Fuarthas maoiniú speisialta ón RCORA a thacaigh le forbairt agus le tástáil shuíomh gréasáin nua an RPII ó thaobh inrochtaineacht an úsáideora de.

I dTreo 2016

Cuireadh dhá thuarascáil faoi bhráid an RCORA, i mí an Mhárta agus i mí na Nollag, a leag amach dul chun cinn an RPII le linn 2008, i ndáil lena Phlean Gníomhaíochta faoin gComhaontú Náisiúnta "I dTreo 2016". D'fhaomh an Roinn an dá thuarascáil, agus léirigh an tacaíocht shuntasach atá tugtha ag an RPII, ar rud raon saincheisteanna, do chlár oibre nuachóirithe an Rialtais.

Comhpháirtíocht

Leanadh leis an gcomhpháirtíocht ar an láthair oibre laistigh den RPII le linn 2008 le Coiste Comhpháirtíochta ag teacht le cheile naoi n-uaire. An aidhm leis an gComhpháirtíocht seo ná feabhas a chur ar an timpeallacht oibre, ar tháirgeacht agus ar sholáthar seirbhíse laistigh den RPII. Cuireann an Coiste Comhpháirtíochta bealach ar fáil le heolas a roinnt, le comhairliúchán a sholáthar agus le fadhbanna a réiteach. An aidhm atá ag an gCoiste ná comh-úinéireacht a bhaint amach i leith phróiseas an athraithe, idir an Bhainistíocht agus an fhoireann, agus na Ceardchumainn. Bíonn an deis ag gach páirtí dul i bhfeidhm ar an mbealach a dhéanann an RPII a ghnó. Seo a leanas roinnt de na saincheisteanna ar déileáladh leo le linn 2008:

- Comhtháthú na gcóras CBFF agus Acmhainní Daonna;
- Athbhreithniú ar Thorthaí Shuirbhé Aeráide 2007;
- Athbhreithniú ar shuirbhé foirne ó fhorbairt plean straitéise;

- Athbhreithniú ar shocruithe lasmuigh de leithead banda;
- Seachtain soghluaisteachta na hEorpa;
- Cothú foirne;
- Imeacht feasacht maidir leis an gcomhshaol (glas);
- Iniúchadh Cumarsáide Inmheánach;
- Saincheisteanna arna dtarraingt anuas ag an bhfoireann.

Cóiríocht

Go luath sa bhliain 2008, fuair an RPII léas nua dá oifigí ar Chearnóg Chluain Sceach chun freastal ar an riachtanas do chóiríocht bhreise. Bhí gá athchóiriú iomlán a dhéanamh ar na hoifigí. Cuireadh tús leis an obair athchóiriúcháin i Meán Fómhair agus cuireadh an obair i gcrích i ní na Nollag. Cuireadh an t-athchóiriú in oiriúint ó thaobh inrochtaineachta de, chun bheadh tíosach ar fhuinneamh agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht dóiteáin agus ar shlándáil.

Tíosacht ar Fhuinneamh

Mar chuid de tionscnamh fuinnimh ghlais Comhpháirtíochta, sa bhliain 2008 rinne saineolaithe measúnú ar gach cuid den chóiríocht oifige chun a fháil amach cá bhféadfaí airgead a shábháil. Fuarthas tuarascáil ag leagan amach na bhfeabhsúchán a d'fhéadfaí a dhéanamh agus cuireadh i láthair na torthaí os comhair na foirne go léir go luath sa bhliain 2009. Rachfar i ngleic le torthaí na tuarascála le linn 2009.

Cumarsáid

Ar cheann de na príomhspriocanna straitéise ag an RPII tá eolas a sholáthar maidir le cosaint ar radaíocht, i bhformáid inrochtana intuisceana, ionas gur féidir leis an bpobal teacht ar an eolas atá de dhíth orthu chun iad féin a chosaint ar na héifeachtaí dochracha a bheadh ag bheith faoi lé na radaíochta. Ní foláir don eolas sa sholáthraíonn an RPII a bheith bunaithe ar an eolaíocht agus a bheith beacht ag gach trácht agus féachann an RPII lena sheasamh a choinneáil mar fhoinse iontaofa eolais don phobal agus do spriocghrúpaí gairmiúla eile. Chuathas i mbun réise gníomhaíochtaí le linn na bliana chun an cuspóir seo a bhaint amach agus chun obair an RPII a chur chun cinn trí mheán na meáin chumarsáide, trí imeachtaí, trí fhógraíocht, ar shuíomh gréasáin an RPII, ar Freefone Radon agus trí fhoilseáin eile.

Meáin

Tá ról suntasach ag na meáin i scaipeadh eolais agus i dtuairisciú ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint raideolaíoch a mbeadh suim ag an bpobal iontu. Eisíodh preasráitis i gcomhthráth le mórimeachtaí an RPII agus lean an spéis ó na meáin i ngníomhaíochtaí an RPII le linn na bliana le baill foirne ag glacadh páirte i mbreis is 40 clár teilifíse agus raidió. Mar thoradh air seo fuarthas clúdach forleathan ar a ghníomhaíochtaí, go háirithe i ndáil le raon. Sa bhliain 2008, luadh an RPII i 213 alt i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta.

Imeachtaí

Le linn 2008, rinne an RPII óstáil ar roinnt imeachtaí lena n-áirítear seoladh na tuarascála "Radiation doses received by the Irish population". Bhí an tuarascáil seo ar an gcéad tiomsú de na sonraí náisiúnta uile a bhaineann le bheith faoi lé radaíochta in Éirinn. D'fhreastail breis is 50 duine ó réimse leathan cúlraí teicniúla ar an gcur i láthair agus fuarthas clúdach fairsing sna meáin.

I Meán Fómhair, rinne an RPII óstáil ar chruinniú Choiste 4 de Choimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP). Mar chuid den chruinniú seo, bhí reáchtáladh seimineár do dhaoine a bhíonn ag obair le radaíocht chun obair Choiste 4 ICRP a mhíniú agus chun saincheisteanna níos ginearálta maidir le cosaint raideolaíoch a phlé.

I mí na Samhna, sheol an RPII tuarascáil "Radioactivity monitoring of the Irish environment 2007" do ghrúpa custaiméirí agus ionadaithe ó fhorais a mbíonn an RPII ag obair leo.

Mar chuid den thiomantas an RPII eolas a sholáthar maidir le cosaint raideolaíoch, thug foireann eolaíochta an RPII páipéir ag tuairim is 40 comhdháil, seimineár, cruinniú poiblí agus cúrsa speisialtóireachta.

Suíomh Gréasáin

Is acmhainn luachmhar eolais é suíomh gréasáin an RPII, *www.rpii.ie*. Sa bhliain 2008, thug breis is 53,000 duine cuairt ar an suíomh gréasáin agus na rannóga is mór ar tugadh cuairt orthu ná na cinn le heolas faoi radón, na foilseacháin, na preaseisiúintí, na tomhais ar ghámadhaileoga beo agus an t-eolas maidir le pleanáil d'éigeandálaí.

Rinneadh dul chun cinn sa phlean maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh gréasáin le linn na bliana le tionscadal chun athscríobh a dhéanamh ar inneachar an tsuímh agus feabhas a chur ar a fheidhmiúlacht de réir na n-ionchas a bhíonn ag custaiméirí. Beidh inneachar an tsuímh níos inrochtana d'úsáideoirí teicniúla agus don phobal i gcoitinne. Chomh maith leis sin, thug an RPII cuireadh chun tairisceana trí mheán shuíomh gréasáin tairisceana an Rialtais eTenders le haghaidh dhearadh agus fhorbairt an tsuímh ghréasáin nua agus soláthar córas bainistíochta inneachair. I ndiaidh próiseas meastóireachta, a áiríonn cur i láthair agus agallaimh duine le duine, bronnadh an conradh i ní Dheireadh Fómhair, Beidh an suíomh gréasáin nua ar an bpríomh-mhodh cumarsáide ag an RPII.

Urraíocht

Den chéad uair, rinne an RPII urrú ar ghradam speisialta don tionscadal is fearr ar radaíocht ianaithe ag an taispeántas BT Young Scientist & Technology Exhibition san RDS i mBaile Átha Cliath ag tús na bliana. Bronnadh an chéad áit ar an iontráil ón Uasal Henrik Bruesecke, St Columba's Comprehensive School, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall.

Lean an RPII ar aghaidh ag soláthar tacaíocht airgeadais do thionscadal taighde iarchéime dar teideal Determination of the

Resuspension Rate of Aerosol Particles from Human Body Surfaces for Post-Accident/Incident Radiological Risk Assessment" arna dhéanamh ag OÉ, Gaillimh. Tar éis scaoileadh radaighníomhaíochta isteach sa chomhshaol, féadtar an t-éilliú radaighníomhach a análú isteach go díreach, leagtar é síos ar an gcorp ar an talamh agus ar fhoirgnimh. Tá an tionscadal seo ag meas na gcásanna ina ndéanfadh duine éilliú trí thaisme agus d'fhéadfadh seo éilliú a leathadh amach chuig daoine eile trí mheán an phróisis athhrochta ón gcraiceann, gruaig agus éadaí.

Foilseacháin

Gach bliain, cuireann an RPII roinnt foilseacháin ar fáil, lena n-áirítear tuarascálacha, nótaí treorach, cóid chleachtais, bileoga eolais agus póstaeir, agus tá siad go léir ar fáil saor in aise ar *www.rpii.ie*.

Tuarascálacha an RPII

Organo, C., Fenton, D. (2008).

Radiological assessment of NORM industries in Ireland – radiation doses to workers and members of the public.

Colgan, P.A., Organo, C., Hone, C., Fenton, D. (2008).

Radiation doses received by the Irish population.

Fegan, M., Dowdall, A., Hanley, O., Hayden, E., Kelleher, K., Long, S., Smith, V., Somerville, S., Wong, J., Pollard, D. (2008).

Radioactivity monitoring of the Irish environment 2007.

Ailt in Irisí & Páipéir Chomhdhála

Colgan, P. A. (2008).

Key strategic decisions in designing and implementing a measurement program for radon in homes.

Proceedings of the 8th International Symposium on the Natural Radiation Environment (NRE VIII), Buzios, Rio de Janeiro (Brazil), 07-12 Deireadh Fómhair 2007. American Institute of Physics 1034: lgh131-136.

Colgan, P.A., McGarry, A. (2008).

Radon monitoring and control of radon exposure.

Proceedings of the 12th International Congress of the International Radiation Protection Association (IRPA 12), Buenos Aires, Argentina, 19-24 Deireadh Fómhair 2008. www.irpa12.org.ar

Colgan, P.A.*, McLaughlin, J., Nieto, L.M. (2008).

Editorial.

Journal of Environmental Radioactivity, 99, lch1519.

Currivan, L., Murray, M., O'Colmain, M., Pollard, D. (2008).

Radon in Irish show caves – personal monitoring data From 2001-2006.

Proceedings of the 8th International Symposium on the Natural Radiation Environment (NRE VIII), Buzios, Rio de Janeiro (Brazil), 07-12 Deireadh Fómhair 2007. American Institute of Physics 1034:lgh. 161-164.

Hanley, O.*, Gutiérrez-Villanueva, J.L., Currivan, L.*, Pollard, D.* (2008).

Assessment of the uncertainties in the Radiological Protection Institute of Ireland (RPII) radon measurements service.

Journal of Environmental Radioactivity, 99, lgh.1578-1582.

Hone, C. (2008).

Fifty Years of radiological protection: The CRPPH 50th anniversary commemorative review.

Journal of Radiological Protection, 28, (1), Márta 2008, lgh.127-128.

Hone, C. (2008).

Visit by the Radiological Protection Institute of Ireland to the Wylfa nuclear power plant.

Journal of Radiological Protection, 28, (3), Meán Fómhair 2008, lgh.427-428.

Howett, D. (2008).

Review of radioactive waste in Ireland.

Proceedings of the 11th European ALARA Network Workshop "ALARA in Radioactive Waste Management" Athens, Greece 9-11 Aibreán 2008.

Inn, K.G.W., Hall, E., Woodword IV, J.T., Stewart, B., Pollanen, R., Selvig, L., Turner, S., Outola, I., Nour, S., Kurosaki, H., LaRosa, J., Schultz, M., Lin, Z., Yu, Z., McMahon, C.* (2008).

Use of thin collodion films to prevent recoil-ion contamination of alpha-spectrometry detectors.

Journal of Radioanalytical and Nuclear Chemistry, Vol. 276, (2) 2008, lgh.385-390.

McGinnity, P., Smith, K.J., McMahon, C.A., Colgan, P.A. (2008).

Prompt simulation of the transfer of radioactivity in the Irish food chain following a nuclear accident

Proceedings of the International Conference on Radioecology and Environmental Radioactivity, Bergen, Norway, 15-20 Meitheamh 2008. Norwegian Radiation Protection Authority.

Organo, C.*, Murphy, P. (2008).

A comparative study of the lognormal, gamma and beta modeling in radon mapping with recommendations regarding bias, sample sizes and the treatment of outliers.

Journal of Radiological Protection, 28, (3), Meán Fómhair 2008. Lgh.293-302.

Organo, C., Colgan, P.A., Fenton, D., Synnott, H., Currivan, L. (2008).

Occupational exposure to natural sources of ionising radiation in Ireland.

Proceedings of the 8th International Symposium on the Natural Radiation Environment (NRE VIII), Buzios, Rio de Janeiro (Brazil), 07-12 Deireadh Fómhair 2007. American Institute of Physics 1034: lgh193-196.

** Foireann an RPII i gcomhar le húdair eile.*

Ár Rialachas

Rialachas Corparáideach

Leagtar amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Poiblí na riachtanais rialachais le haghaidh na bhforas stáit tráchtála agus neamhthráchtala go léir, lena n-áirítear an RPII. Le linn 2007, d'fhaomh an Bord Lámhleabhar cuimsitheach maidir le Rialachas Corparáideach ag clúdach gach gné de rialachas an RPII lena n-áirítear reáchtáil ghnó an Bhoird, pleanáil straitéiseach agus ghnó, próisis oibríochtúla, bainistíocht riosca, iniúchadh agus tuairisciú, bainistíocht airgeadais agus iompraíocht rialaithe agus caighdeán. Le linn 2008, forbraíodh gnáthaimh bhreise maidir le cur i bhfeidhm na riachtanas i ndáil le buiséadú, bainistiú sócmhainní seasta agus orduithe seasta an Bhoird agus d'fhaomh an Coiste Iniúchadh iad chomh maith leis an mBord ina dhiaidh sin le go gcuirfí iad san áireamh sa Lámhleabhar maidir le Rialachas Corparáideach. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniúcháin ar Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta, ar an reachtaíocht ábhartha don RPII agus ar Sceideal Nithe arna fhorchoimeád don Bhord le linn na bliana.

Chomh maith leis an athbhreithniú ar na dul chun cinn i gcomparáid le pleananna straitéise agus gnó a cuireadh san áireamh ina Chruinnithe Boird rialta, reáchtáil an Bord, i mí na Nollag, seisiún leath-lae chun athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis nua agus chun plé ar na dúshláin amach anseo.

De bhreis air sin i rith na bliana, de réir mholtaí an athbhreithniúcháin ar fheidhmíocht an Bhoird a rinneadh le linn 2006, cuireadh i bhfeidhm seisiúin traenála do gach ball nuacheaptha ar an mBord chun iad a chur ar na eolas faoi obair an RPII agus ar riachtanais rialachais a bhaineann le ballraíocht ar an mBord.

Baill an Bhoird

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire le linn na bliana. Seo thíos an liosta de líon na gcruinnithe ar fhreastal gach ball Boird orthu, an líon idir lúibíní ná an líon cruinnithe a raibh an ball incháilithe freastal orthu. Léirítear freisin, i gcás seisir a ainmníodh le ceapadh ar an mBord ag eagraíochtaí éagsúla, ainm na n-eagraíochtaí a d'ainmnigh iad.

Cathaoirleach **An tOllamh Eugene Kennedy**	8 (8)
Nuala Ahern Uasal *(Ceaptha 28 Beal 2008)*	3 (4)
Fionnuala Barker Uasal *Irish Nuclear Medicine Association*	8 (8)
An Dr Patrick Connellan *(Éirithe as 11 Iúil 2008)* *An Chomhairle Fiaclóireachta*	4 (4)
An Dr Maurice Fitzgerald *(Ceaptha 11 Iúil 2008)* *An Chomhairle Fiaclóireachta*	2 (4)
Dr Éamann Breatnach *(Ceaptha 7 Samhain 2008)* *Comhairle na nDochtúirí Leighis*	0 (1)
An tUasal James Fitzmaurice	8 (8)
An tUasal Patrick Gilligan *Association of Physical Scientists in Medicine*	8 (8)
An Dr Michael Hurley *(Éirithe as 31 Bealtaine 2008)* *Comhairle na nDochtúirí Leighis*	0 (4)
An Dr Kevin Kelleher *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	4 (8)
An Dr Niall McEniff *Dámh na Raideolaithe,* *Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlanna in Éirinn*	3 (8)
Darina Muckian Uasal	7 (8)
Adi Roche Uasal	7 (8)
An tUasal Francis J Turvey	7 (8)

B'ionann an figiúr iomlán do luach saothair agus costais an Bhoird le linn 2008 agus €101, 582.

1 2 3

1 **An tOllamh Eugene Kennedy** *Cathaoirleach*
Ceapadh an tOllamh Kennedy mar Chathaoirleach an Bhoird sa bhliain 2006. Bhí sé ina Ollamh le Fisic in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le 20 bliain anuas agus tá sé faoi láthair ina Leas-Uachtarán taighde.

Ta cáil idirnáisiúnta air toisc a thaighde ar chúrsaí fisice adamhaí agus plasma, tá roinnt mhaith saothar foilsithe aige agus bhí se ina bhall den iliomad bord náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ceapadh e ina Chomhalta den Institiúid Fisice sa bhliain 1987 agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 2004.

2 **Fionnuala Barker Uasal**
Ceapadh Fionnuala Barker ar an mBord sa bhliain 2007. Is Príomh-Fhisiceoir í in Ospidéal Naomh Lucas, Baile Átha Cliath, ag soláthar saineolais fhisic mhíochaine i réimsí na míochaine núicléach agus cosaint radaíochta. Is iar-Runaí í de Chumann Leigheas Núicléach na hÉireann agus iar-Chathaoirleach de Chumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas.

3 **An Dr Patrick Connellan**
Ceapadh an Dr Connellan ar an mBord sa bhliain 1992. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchta an RPII. Is iarbhall e den Bhord Iarchéimithe Leighis agus Fiaclóireachta agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Creidiúnaithe an Oideachais Leanúnaigh Fiaclóireachta agus ar an mBord Fiaclóireachta. Bronnadh Comhaltacht le Coláiste idirnáisiúnta na bhFiaclóirí.

4 **An tUasal Patrick Gilligan**
Ceapadh Patrick Gilligan ar an mBord sa bhliain 2006. Ta se ina Príomh-Fhisiceoir ag soláthar seirbhísí cosanta radaíochta agus fisice leighis in Ospidéal

4 5 6 7 8 9 10

Príobháideach an Mater. Bhí sé ina Chathaoirleach tráth ar Chumann na nEolaíochtaí Fisiceacha sa Leigheas agus ina bhall de Choiste um Radaíocht Ianaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

5 **An tUasal James Fitzmaurice**
Ceapadh James Fitzmaurice ar an mBord sa bhliain 2002. Tá sé ina Stiúrthóir Bainisteoireachta ar an radan Group – foilsitheoir ar pháipéir áitiúla i gCill Mhantáin, i gCill Dara agus i gCeatharlach, chomh maith leis an Public Sector Times. Is iar-Chathaoirleach é ar ISME agus Uachtarán ar Chumann Lucht Tráchtála Bhrí Chualann. Ta se ina Chathaoirleach ar na Irish e-Government Awards and Centres of Excellence. Bhí sé ina bhall de thascfhórsaí éagsúla rialtais do ghnóthaí beaga agus tá sé ina bhall faoi láthair ar Choiste Polasaí Straitéise Chomhairle Contae Chill Mhantáin um Chomhshaol agus Dhramhaíl. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairle an RPII um Chaidrimh Phoiblí.

6 **Darina Muckian Uasal**
Ceapadh Darina Muckian ar an mBord sa bhliain 1997. Is céimí Fisice í le breis is deich mbliana taithí innealtóireachta aici i leictreonaic agus i dtionscail bogearraí agus rinne sí stocaireacht maidir le saincheisteanna comhshaoil.

7 **An tUasal Francis J Turvey**
Ceapadh an tUasal Turvey ar an mBord sa bhliain 2001. Is iar-Phriomhfheidhmeannach é de chuid an RPII agus o d'imigh se ar scor bhí sé ag obair mar innealtóir comhairleach i réimsí na cosanta raideolaíochta agus na sábháilteachta núicléiche. Is innealtóir Cairte é agus Comhalta ar roinnt eagraíochtaí gairmiúla lena n-áirítear Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus an Institiúid Fisice. Tá Teastas Trádála Seirbhíse aige on UK Board of Trade Certificate of Service mar Innealtóir den Chéad Ghrád i gCabhlach na gCeannaithe.

8 **Adi Roche Uasal**
Ceapadh Adi Roche ar an mBord sa bhliain 1997. Chuir sí ar bun an tionscadal Chernobyl Children's Project International agus d'oibrigh sí le 16 bliana anuas chun cúnamh daonnúil a thabhairt do leanaí sa Bhealarúis, Iarthar na Ruise agus sa Úcráin. Is Stiúrthóir feidhmeach i den Chernobyl Children's Project.

9 **An Dr Michael Hurley**
Ceapadh an Dr Hurley ar na mBord sa bhliain 2005. Tá sé ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal Ollscoile Chorcaí. Is ball Boird é de Chomhairle Dhochtúirí Leighis na hÉireann agus tá sé ina Chathaoireach ar Choiste um Radaíocht Ianaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

10 **An Dr Niall McEniff**
Ceapadh an Dr McEniff ar an mBord sa bhliain 2007. Tá an Dr McEniff ina Raideolaí Comhairlech in Ospidéal San Séamas. Is comhalta boird é de Dhámh na Raideolaithe i gColáiste Ríoga na Lianna agus Máinlianna in Éirinn.

Nuala Ahern Uasal *(gan pictiúr)*
Ceapadh Nuala ina comhalta den Bhord sa bhliain 2008. In anailísí comhshaoil í Nuala agus scríbhneoir ar chúrsaí éiceolaíochta agus síceolaíochta. Tá sí ina hiarbhall den Pharlaimint Eorpach (Páirtí Glas0 agus bhí sí ina hionadaí Laighean ar feadh 10 mbliana ó 1994-2004. Bhí sí ina ball de Choiste na Parlaiminte Eorpaí ar Thrádáil agus Tionscal, Fuinneamh agus Taighde ar feadh deich mbliana agus ina les-uachtarán ar an gcoiste sin ó 1999-2004.

An Dr Maurice Fitzgerald *(gan pictiúr)*
Bhain an Dr Maurice FitzGerald a cháilíocht amach ó UCC sa bhliain 1989 agus oibríonn sé mar chleachtóir fiaclóireachta ginearálta i Sligeach. Bhain sé amach MSc freisin i Raideolaíocht Dhéadach sa bhliain 2000 ó University of London agus fónann sé ar bhord an RPII mar ionadaí na Comhairle Fiaclóireachta, a bhfuil sé ina chomhalta tofa uirthi.

An Dr Éamann Breatnach *(gan pictiúr)*
Is ionadaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis é an Dr Breatnach, agus tá sé ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal an Mater agus ina iar-Dhéin ar Dhámh na Raideolaithe, Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn. Tá sé ina Chathaoirleacht ar Choiste Oideachais Chumann Raideolaíochta na hEorpa agus ina chomhalta d'fheidhmeannas rialaithe an Chumainn.

An Dr Kevin Kelleher *(gan pictiúr)*
Ceapadh an Dr. Kelleher ar an mBord sa bhliain 2007. Tá sé ina Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta de Shláinte an Daonra – Cosaint Shláinte, ag bainistiú sheirbhísí sláinte poiblí don FSS. Ta suim mhór aige i dtionchar an chomhshaoil ar shláinte an duine.

Struchtúr na Foirne



An Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

An tUasal David Pollard
Stiúrthóir Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais

An Dr Barbara Rafferty
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

An Dr Tony Colgan
Stiúrthóir Seirbhísí Comhairleacha

An Dr Tom Ryan
Stiúrthóir Seirbhísí Rialála

Foireann an RPII le linn 2008

Isabella Bolger	Emily Clarke	Olivia Cluskey
Tony Colgan	Linda Coyne	Ashley Curran
Lorraine Currivan	Noeleen Cunningham	David Dawson
Lucy Doody	Jarlath Duffy	Mary Fegan
Stephen Fennell	David Fenton	Paul Fitzgerald
Rachael Flynn	Teresa Grant	Glenda Griffin
Suzanne Griffiths	Olwyn Hanley	Eileen Hayden
Christopher Hone	Dermot Howett	Kevin Kelleher
Marie Kelly	Tanya Kenny	Stephanie Long
Pamela Lennon	Jack Madden	Ciara Maguire
Leo McKittrick	Ciara McMahon	Ann McGarry
Paul McGinnity	Alison McIntyre	Roisin McNamee
Michael Murray	Graham Mulvany	Máirín O'Colmáin
John O'Grady	Catherine Organo	David Pollard
Sheila Powell	Barbara Rafferty	Heather Rochford
Tom Ryan	Catherine Scully	Kilian Smith
Veronica Smith	Caroline Somers	Stephen Somerville
David Spain	Hugh Synnott	Rose Timmons
Sharon Wade	Jennie Wong	

Coistí Comhairleacha

Coiste Comhairleach um Radaíochta sa Chomhshaol

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil don Bhord maidir le radaighníomhaíocht sa chomhshaol.

Cathaoirleach Folamh	
An Dr Tony Colgan	An tUasal David Fenton
An tUasal Dermot Howett	An tOllamh Ian R McAulay
An Dr Ann McGarry	An tOllamh James P McLaughlin
An tOllamh Peter I Mitchell	Darina Muckian Uasal
An Dr Geraldine O'Reilly	An tUasal David Pollard
An Dr Barbara Rafferty	An tOllamh William Reville
Adi Roche Uasal	An tOllamh Philip Walton
Rúnaí Eolaíochta Stephanie Long Uasal	

Coistí Comhairleacha

Coiste Comhairle um Radaíocht Leighis

Cuireann an Coiste seo comhairle ar an mBord maidir le húsáidí na radaíochta ianaithe sa leighis agus san fhiaclóireacht.

Cathaoirleach An Dr George Duffy	
Fionnuala Barker Uasal	An Dr David Clarke
Susan Dennan Uasal	An Dr Stephen Fennell
An tUasal Christopher Hone	An Dr Pat Kenny
An Dr Brendan McClean	An Dr Ann McGarry
An Dr Lesley Malone	Kate Matthews Uasal
An Dr Michael Moriarty	An Dr Geraldine O'Reilly
An tOllamh Wil van der Putten	An Dr Tom Ryan
An Dr Stephen Skehan	
Rúnaí Eolaíochta Noeleen Cunningham Uasal	

Coiste Comhairleach Cumarsáide

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid leis an bpobal.

Cathaoirleach An tUasal James Fitzmaurice	
Fionnuala Barker Uasal	An Dr Tony Colgan
Marie Kelly Uasal	An Dr Ann McGarry

An Coiste Iniúchóireachta

Tacaíonn an coiste iniúchóireachta leis an mBord iontaofacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú, maille le bainistíocht éifeachtacht riosca agus rialachas stuama corparáideach.

Cathaoirleach An tUasal Patrick Gilligan *(Ceaptha Meán Fómhair 2008)*
An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh *(Ceaptha Nollaig 2008)*
An tUasal James Fitzmaurice
Darina Muckian Uasal *(Ceaptha Nollaig 2008)*
An tUasal Patrick Connellan *(Éirithe as Bealtaine 2008)*

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 38

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 39

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitúide 40

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta 41

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 42

Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Uile 43

Clár Comhardaithe 44

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 45

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí ghaolmhara.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Seach

Tá freagracht ar an Institiúid na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch agus rialtacht idirbhearta a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na hInstitiúide leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na hInstitiúide.

Is é m'fhreagracht-sa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta. Lena chois sin, deirim cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuariscím chomh maith mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá riachtanach do m'iniúchadh.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráiteas airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na hImpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht a n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncaim agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meán Fómhair 2009

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Thar ceann na hInstitiúide Éireannaigh um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht maidir le cinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear stop le haon mhírialtacht ábhartha, laistigh de thréimhse réasúnta.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord le suíomh cuí a chinntiú trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ghnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun le go dtugtar cuntas ar aon teip shuntasach agus go gcuirtear i bhfeidhm céimeanna ceartaitheacha.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- cineál, luach fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a mheas a bheadh i ndán don chomhlacht, fairsinge agus catagóir a cheapann sé a bheith inghlactha san áireamh
- an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta bainistiú a mheas agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a tharlaíonn.

Tá an córas um rialú ar airgeadas inmheánach bunaithe ar ghréasán a chuimsíonn scagadh ar dhualgais agus córas tarmligin agus freagrachta. Lena n-áirítear, go háirithe:

- córas buiséid cuimsitheach le buiséad bliantúil, ar a ndéanann an Bord athbhreithniú agus a n-aontaíonn siad leis;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an Bord Stiúrthóirí ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmiúlacht in éadan réamhaisnéise;
- treoirlínte rialúcháin d'infheistíocht caipitil atá sainithe go soiléir.

Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar obair na an iniúchóra, na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh d'Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothú chreat oibre rialaithe airgeadais, agus na ráitis atá déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó aon tuairisc eile.

Bhunaigh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir Creat an Chód Cleachtais is Fearr mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca atá i ndán don chomhlacht, agus bunaítear pleananna iniúchta bliantúla ar an anailís seo. Tugann an Coiste Iniúchta formhuiniú ar an anailís riosca agus ar na pleananna iniúchta inmheánaigh agus tugann an Bord Stiúrtha faomhadh orthu. Uair sa bhliain, soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuairisc don Bhord ar ghníomhaíocht iniúchta. San áireamh leis an tuairisc tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthaineacht agus éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

30 Meán Fómhair 2009

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitúide

Cuireann an tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, iallach ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a d'fhaoh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar an Institiúid:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasóireachta a chur i bhfeidhm agus ansin iad a úsáid go leanúnach tríd síos
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais leantaigh mura bhfuil an bunús sin míchuí.
- A dhearbhú cibé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta chuí nó nár cloíodh, faoi réir aon eisréimneacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá sé de fhreagracht ar an Institiúid leabhair chuntas iomchuí a choimeád, a nochtfadh ag aon am, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfeadh ar a gcumas a chinntiú go gcloífeadh na ráitis airgeadais le Rannóg 16(a) den Acht. Tá sé de fhreagracht ar an Institiúid freisin sócmhainní na hInstitiúide Éireannaigh um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus na céimeanna cuí a ghlacadh le calaois nó aon mhírialtacht eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

James Fitzmaurice
Ball Boird

30 Meán Fómhair 2009

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ag baint úsáide as an modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin áit atá léirithe thíos, agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil, de réir cleachtas a nglactar leis go coitianta. Baintear úsáid as na caighdeáin le tuairisciú ar airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasóireachta, nuair a thagann siad i bhfeidhm. Ainmnítear na ráitis airgeadais leis an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le comhaontú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Seasann an t-ioncam atá léirithe sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais Oireachtais d'fháltais airgid thirim iarbhír le linn na bliana.

3. Sócmhainní Seasta

Cuirtear síos ar Shócmhainní Seasta ag a gcostas, lúide aon díluacháil carntha. Déantar díluacháil a ríomh ar bhunús líne dírí trí thagairt a dhéanamh do tréimsí maireachtála ionchais na sócmhainní I gceist. Úsáidtear na rátaí mar seo leanas:

- Oifig agus Saotharlann, Troscán agus Trealamh: 20%
- Déantar Feabhsúcháin ar an Láthair Léasachta a dhímheas thar tréimhse an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a baineadh ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin na buntáistí pinsin a shaothraigh fostaithe le linn an tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choinníonn an Institiúid. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé fritháirithe le deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear ceartúchán comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn íocaíochtaí pinsin luach reatha íocaíochta pinsin sa todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha pinsin don sócmhainn comhfhreagrach atá le haisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Seasann an Chuntas Caipitil don méid ioncam neamhamúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Réamhioncam

Baineann réamhioncam le hioncam ó tháillí ceadúnais a d'íoc ceadúnaithe roimh ré i dtaca le tréimhsí sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

2007 €		2008 €
	Ioncam	
3,971,000	Deontas Oireachtais	4,676,000
1,415,908	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 7b)	1,147,666
147,972	Aistrithe go Cuntas Caipitil (Nóta 2)	-183,135
5,534,880		5,640,531
635,084	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	635,937
179,359	Seirbhís Tomhais Radóin	154,969
290,581	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	295,672
159,288	Seirbhís Rialála	261,716
17,312	Ioncam Ilghnéitheach/Conartha	20,302
1,281,624		1,368,595
6,816,504		7,009,126
	CAITEACHAS	
3,102,633	Tuarastail (Nóta 3)	3,221,717
1,411,115	Pinsean (Nóta 7c)	1,398,173
109,014	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	99,115
37,096	Seirbhís Tomhais Radóin	51,205
134,887	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	176,146
114,285	Seirbhís Rialála	89,185
179,809	Cumarsáid	155,716
77,948	Sábháilteacht Núicléach	81,881
51,164	Bainistíocht Leabharlainne agus Doiciméid	151,471
458,577	Cóiríocht agus Árachas	568,953
177,664	Taisteal agus Cothú	159,479
176,605	Earcaíocht agus Oiliúint	95,734
175,459	CFB, TF agus Seirbhís Custaiméara	61,043
93,010	Postas, Teileafón agus Soláthairtí Oifige	83,068
12,500	Táillí Iniúchta	12,250
63,633	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	58,252
0	Drochfhiacha	0
547,972	Díluacháil	616,865
6,923,372		7,080,253
-106,868	**Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain**	-71,127
787,633	Iarmhéid amhail 1 Eanáir	680,765
680,765	Iarmhéid amhail 31 Nollaig	609,638

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 11.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

James Fitzmaurice
Ball Boird

30 Meán Fómhair 2009

Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Uile

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

2007 €		Nótaí	2008 €
-106,868	Farasbarr/(Easnamh) don bhliain		-71,127
-75,000	(Caillteanais)/Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime phinsin		430,000
2,280,000	Athrú ar thoimhdiú faoi bhun luach reatha dhliteanais scéime phinsin		-1,398,000
2,205,000	(Caillteanais)/Gnóthachain Achtúireacha ar dhliteanais scéime phinsin	7f	-968,000
-2,205,000	Coigeartuithe le Maoiniú Iarchurtha Pinsin		968,000
-106,868	Iomlán na nGnóthachain/(gCaillteanas) don bhliain		-71,127

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 11.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

James Fitzmaurice
Ball Boird

30 Meán Fómhair 2009

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2008

2007 €		Nótaí	2008 €
1,610,625	**Sócmhainní Seasta**	1	2,021,883
	Sócmhainní Reatha		
851,287	Airgead Tirim ar Láimh agus sa Bhanc		1,123,993
475,458	Féichiúnaithe	8	291,700
1,326,746			1,415,692
	Creidiúnaithe – méideanna iníoctha laistigh de bhliain		
295,129	Creidiúnaithe	9	428,090
231,973	Réamhdheontas Caipitil	10	3,850
118,879	Réamhioncam		374,114
645,981			806,055
680,765	**Glansócmhainní Reatha**		609,638
2,291,390	**Sócmhainní Iomlán Lúide Dliteanais Reatha**		2,631,521
16,811,654	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	7d	17,191,147
-16,811,654	Dliteanas Pinsin	7e	-17,191,147
2,291,390	**Glansócmhainní**		2,631,521
	Maoinithe ag:		
680,765	**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**		609,638
1,610,625	**Cuntas Caipitil**	2	2,021,883
2,291,390			2,631,521

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta maille leis na Nótaí 1 go 11.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

James Fitzmaurice
Ball Boird

30 Meán Fómhair 2009

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

1. Sócmhainní Seasta

	Feabhsúcháin Léasachta €	Troscán agus Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas			
Ag 1 Eanáir 2008	788,301	5,827,260	6,615,561
Breisithe	0	1,028,123	1,028,123
Diúscairtí	0	-67,466	-67,466
Ag 31 Nollaig 2008	788,301	6,787,917	7,576,218
Díluacháil			
Ag 1 Eanáir 2008	506,547	4,498,389	5,004,936
Muirear don bhliain	25,618	591,247	616,865
Ar dhiúscairtí	0	-67,466	-67,466
Ag 31 Nollaig 2008	532,167	5,022,170	5,554,335
Glanluach leabhair ag			
31 Nollaig 2007	281,754	1,328,871	1,610,625
Glanluach leabhair ag			
31 Nollaig 2008	256,136	1,765,747	2,021,883

Le linn 2008, rinne an Institiúid athbhreithniú ar a Chlár de Shócmhainní Seasta agus bhain ítimí de a chosain €67,466 ar dtús ach nach raibh in úsáid níos mó.

2. Cuntas Caipitil

	2008 €	2008 €	2007 €	2007 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2008		1,610,625		1,007,520
Deontas Caipitil a fuarthas	800,000		400,000	
Lúide Deontas Amúchta le linn na bliana	-616,865		-547,972	
Aistriú ó (go dtí) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		183,135		-147,972
Aistriú ó Dheontas Caipitil roimh ré		228,123		751,077
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2008		2,021,883		1,610,625

3. Tuarastail agus Pinsin

	2008 €	2007 €
Olltuarastail	3,079,559	2,973,695
Á.S.P.C. Fhostóirí	142,158	128,938
	3,221,717	3,102,633

Ba é 46 an meánlíon daoine a fostaíodh go lánaimseartha, Baill an Bhoird as an áireamh le linn na bliana airgeadais (2007 – 46).

4. Ceangaltais & Oibleagáidí Léasa

3 Cearnóg Chluain Sceacha

Is ionann na híocaíochta léasa iníoctha thar an dá mhí dhéag amach anseo agus €300,000 bunaithe ar rátaí cíosa reatha agus tá siad déanta suas d'íocaíochtaí cíosa ar leas léasachta, a n-éagann a théarma ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an chíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Rinneadh an athbhreithniú deireanach dá leithéid ar 1 Deireadh Fómhair 2008.

1 Cearnóg Chluain Sceacha

Is ionann na híocaíochta léasa iníoctha thar an dá mhí dhéag amach anseo agus €70,000 bunaithe ar rátaí cíosa reatha agus tá siad déanta suas d'íocaíochtaí cíosa ar leas léasachta 20 bliain a thosaigh ar 25 Eanáir 2008, le clásal scoir ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an chíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Is ionann an chíos don limistéar iomlán agus €140,000 sa bhliain, ach tá seo laghdaithe go €70,000 sa bhliain mar nach mbeidh fáil ag an IÉCR ar an chéad urlár go dtí 1 Feabhra 2009. Déanfar an spás breise seo a fholigean don chéad bhliain ag cíos de €60,000 sa bhliain.

5. Ceangaltais Caipitil

Ba ionann luach na gceangaltas caipitil údaraithe ag 31 Nollaig 2008 agus €0.

6. Leasanna Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord chuige gnáthaimh de réir na treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ó bhaill den mBord agus cloíodh leis na gnáthaimh seo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbheart suntasach ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí na hInstitiúide ina raibh leas tairbheach ag baill an Bhoird.

7. Pinsin

a. Scéim Pinsin

Ullmhaíodh an fhaisnéisiú thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) maidir le sochair iníoctha ó Scéim Aoiliúntais an Institiúid Éireann um Chosaint Raideolaíocht ("an Scéim").

Is Scéim shochair shainithe é an scéim, ag soláthar sochair scoir bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir rialacha shamhail na hEarnála Poiblí. Tá an Scéim maoinithe go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a baineadh ó thuarastail na foirne.

Bunaíodh an luacháil d'fhaisnéisiú FRS17 ar mheasúnú iomlán dhliteanais na Scéime amhail an 31 Nollaig 2008. Rinneadh luachanna reatha na hoibleagáide shochair shainithe, na costais seirbhíse bhainteacha agus aon chostas seirbhíse san am a chuaigh thart a mheas ag úsáid modh aonaid chreidmheasa fhortheilgthe.

Tá na príomhthoimhdí a úsáideann achtúirí cáilithe neamhspleácha chun na dliteanais faoi FRS17 a ríomh leagtha amach thíos:

	ag deireadh na bliana 31/12/2008	**ag deireadh na bliana 31/12/2007**	**ag deireadh na bliana 31/12/2006**
Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin			
Ráta lascaine	5.60%	5.50%	4.70%
Toimhde boilscithe	2.00%	2.50%	2.25%
Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin	3.50%	4.00%	4.00%
Ráta méadaithe pinsin in íocaíocht	3.50%	4.00%	4.00%

b. Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin le linn na bliana

	Bliain go 31/12/2008 €'000s	**Bliain go 31/12/2007 €'000s**	**Bliain go 31/12/2006 €'000s**
Maoiniú inaisghabhála maidir leis an Bhliain Reatha			
Costais Phinsin	1,598	1,604	1,382
Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun Phinsin a íoc	-450	-188	-177
	1,148	1,416	1,205

c. Anailís ar iomlán na gCostas Pinsin Curtha de Mhuirear ar Chaiteachas

	Bliain go 31/12/2008 €'000s	**Bliain go 31/12/2007 €'000s**	**Bliain go 31/12/2006 €'000s**
Costas Seirbhíse Reatha	668	763	792
Costas Úis	930	841	590
Ranníocaíochtaí Fhostaithe	-200	-193	-203
Costas Seirbhíse san am a chuaigh thart	–	–	–
Costas Ciorrúcháin	–	–	–
Costas Socraíochta	–	–	–
Glanfháltas	1,398	1,411	1,179

7. Pensions *(ar lean)*

d. Sócmhainn Maoiniúcháin Iarchurtha do Phinsin

Glacann an Institiúid le méideanna ag dul ón Stáit don dliteanas iarchurtha neamhmaoinithe do phinsin ar bhonn roinnt tarluithe san am a chuaigh thart. I measc na n-ócáidí sin tá an tacaíocht reachtúil do scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le maoiniú do phinsin sheirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmeálta ann, agus, mar sin, aon barántas aon leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag an IÉCR nach leanfaidh an polasaí maoiniúcháin seo ar aghaidh ag comhlíonadh na méide seo go forchéimnitheach de réir cleachtas reatha. Is ionann an sócmhainn maoiniúcháin iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2008 agus €17.191 milliún (2007: €16.803 milliún).

e. Gluaiseacht i nGlandhliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s	Bliain go 31/12/2006 €'000s
Glandliteanas Pinsin ag 1 Eanáir	16,812	17,601	13,577
Costas Seirbhíse Reatha	668	763	792
Costas Úis	930	841	590
Sochair a Íocadh le linn na bliana, glan ó ranníocaíochtaí foirne	-251	-197	-177
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ar dhliteanais*	-968	-2205	2,819
Costas Seirbhíse san am a chuaigh thart	–	–	–
Ciorrúcháin	–	–	–
Socraíochta	–	–	–
Glandhliteanas pinsin ag 31 Nollaig	17,191	16,803	17,601

** lena n-áirítear tionchar athruithe ar na toimhdí.*

f. Stair na nGnóthachain agus na gCaillteanas ó Thaithí

	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s	Bliain go 31/12/2006 €'000s
(Gnóthachain)/caillteanais ó Thaithí ar mhéid na ndliteanas scéime	430	-75	3,000
Mar chéatadán de luach reatha na ndliteanas scéime	2.50%	-0.40%	17.00%
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha iomlán aitheanta i STRLG	-968	-2,205	2,819
Mar chéatadán de luach reatha na ndliteanas scéime	-5.70%	-13.10%	16.00%
Méid charnach na (ngnóthachan)/gcaillteanas aitheanta i STRLG^	2,377	3,345	5,550

^ seasann seo do ghnóthachain/caillteanais carntha ó 31/12/2002 san áireamh.

Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar ghnáth-tháblaí básmhaireachta a ligeann d'fheabhsúcháin ar bhásmhaireacht sa todhchaí. Ligeann an bunús básmhaireachta follasach d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil thar ama, sa dóigh is go mbeidh ionchas saoil ag aois scoir ag brath ar an bhliain ina sroicheann ball foirne aois scoir (aois 65 bliana). Léiríonn an tábla thíos ionchas saoil do bhaill ag sroicheadh aois scoir sna blianta 2009, 2029, agus 2049.

An bhliain ar shroichint 65 bliana d'aois	**2009**	**2029**	**2049**
Ionchas saoil – Fireann	86.7	89.6	91.5
Ionchas saoil – Baineann	88.3	90.6	92.4

8. Féichiúnaithe

	2008 €	2007 €
Féichiúnaithe do Sheirbhísí	170,653	225,552
Soláthar Drochfhiacha	-6,311	-6,797
Réamhíocaíochtaí	127,358	256,703
	291,700	475,458

9. Creidiúnaithe

	2008 €	2007 €
Fabhruithe	418,444	284,884
Ardbhailitheoir	9,646	10,245
	428,090	295,129

10. Deontas Caipitil Réamhíoctha

	2008 €	2007 €
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	231,973	983,050
Aistrithe go Cuntas Caipitil	-228,123	-751,077
Iarmhéid ag 31 Nollaig	3,850	231,973
Cuimsíonn an figiúr seo		
Caiteachas Caipitil	-1,028,123	-1,151,077
Deontas Faighte	800,000	400,000
	-228,123	-751,077

11. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord faomhadh ar na ráitis airgeadais ar 30 Meán Fómhair 2009.

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Radiological Protection Institute of Ireland
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire

Teileafón: 01 2697766
Facs: 01 2697437
Rphost: rpii@rpii.ie
Gréasán: www.rpii.ie

Uaireanta oscailte: 9:00am go 5:00pm

Clóbhuailte ar pháipéar athchúrsáilte